# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2002

# Oifig an Ard-Aighne



Ina bhfuil Tuairisc Dheiridh ar an Dul Chun Cinn

## I BHFEIDHMIÚ RÁITIS STRAITÉISE 1999 – 2002

Tuairisc Thosaigh ar Dhul Chun Cinn an

## TREOIRLEABHAIR UM SHEIRBHÍS DON CHLIANT 2002 - 2004

## Oifig an Ard-Aighne


Oifig an Ard-Aighne

Tithe an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 631 4000

Facs: 01 676 1806

R-phost: info@ag.irlgov.ie


*Is sainchodanna d'Oifig an Ard-Aighne iad Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais (OAP), an tAonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (AADR) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS).*

## Oifig Chomhairleoir Parlaiminte an Rialtais


Tithe an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 631 4000

Facs: 01 661 1287

R-phost: info@ag.irlgov.ie


## An tAonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil


Tithe an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 631 4000

Facs: 01 661 1287

R-phost: info@ag.irlgov.ie


## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit


Teach Osmond

Sráidín na gCaorach

Baile Átha Cliath 8

Teileafón: 01 417 6100

Facs: 01 417 6299

R-phost: registry@csso.irlgov.ie


*Tá An Rannóg um Chailliúint Éisteachta an Airm, in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, lonnaithe ag:*

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit


(An Rannóg um Chailliúint Éisteachta an Airm)

5-9 Sráid Freidric Theas

Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 417 6100

Facs: 01 478 5985

# An Ráiteas Bunchuspóra



Is é bunchuspóir Oifig an Ard-Aighne ná seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

# Clár

caibidlí | leathanach

| | | |
|---|---|---|
| | **Brollach leis an Ard-Aighne** | 04 |
| | **Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir** | 05 |
| 01 | **An Ráiteas Bunchuspóra agus na Príomhchuspóirí**<br>An Ráiteas Bunchuspóra chun teacht ar an mBunchuspóir a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise 1999 – 2002. | 08 |
| 02 | **Príomh-Fhorbairtí 2002** | 09 |
| 03 | **An Dul chun Cinn a Rinneadh chun Príomhchuspóir 1 a aimsiú:**<br>Soláthar na sainseirbhísí gairmiúla dlí a chothabháil agus a fhorbairt i ngach réimse dlí a bhfuil mórthábhacht leis don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí. | 18 |
| 04 | **An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun Príomhchuspóir 2 a aimsiú:**<br>Bainistíocht oifige agus eagraíochta a bheith ann chun seachadadh éifeachtach na seirbhísí dlí a chinntiú don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí agus chun caidreamh éifeachtach torthúil oibre a chinntiú, ag cur san áireamh chlár an athraithe sa tseirbhís phoiblí. | 25 |
| 05 | **An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun Príomhchuspóir 3 a aimsiú:**<br>Straitéis bainistíochta daonacmhainní a fhorbairt a thagann le cuspóirí ginearálta na hOifige. | 35 |
| 06 | **An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun Príomhchuspóir 4 a aimsiú:**<br>A chinntiú go bhfuil teacht ag an bhfoireann ar an eolas atá riachtanach dóibh trí fhorbairt leanúnach ar na seirbhísí leabharlainne, na córais bainistíochta faisnéise agus eolais, agus ar an mbreisoideachas is cuí. | 50 |
| 07 | **An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun Príomhchuspóir 5 a aimsiú:**<br>Cur le héifeacht na seirbhíse poiblí trí spreagadh agus chabhair a thabhairt chun seirbhísí dlí an Stáit a chomhordú. | 57 |

**IARSCRÍBHINNÍ**

| | | |
|---|---|---|
| A. | **Billí Poiblí a Foilsíodh i 2002** | 62 |
| B. | **Billí Poiblí a Achtaíodh i 2002** | 64 |
| C. | **Toradh 2002 ar an Soláthar agus ar an gCaiteachas Measta do OAA agus OPAS** | 66 |
| D. | **Staitisticí um Shaoráil Faisnéise 2002** | 74 |
| E. | **Ionadaíocht Oifige ar Choistí** | 77 |
| F. | **Cairt Eagrúcháin** | 80 |

# Brollach leis an Ard-Aighne



Fáiltím roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla seo don bhliain 2002 ag Oifig an Ard-Aighne. Cuimsíonn sí an Tuarascáil Deiridh ar an Dul Chun Cinn i leith fhorfheidhmiú *Ráiteas Straitéise na hOifige 1999 – 2002* agus an *Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Treoirleabhair um Sheirbhís don Chliant 2002 – 2004*. Tá sí ag tógáil ar *Thuarascáil Bhliantúil 2001* a foilsíodh i Nollaig, 2002, le tuairisc ar na forbairtí san Oifig go deireadh Iúil, 2002.

Seo an dara Tuarascáil Bhliantúil a raibh sé de phléisiúr agam í a sheoladh. Mar aon le *Ráiteas Straitéise 2003 – 2005* agus Pleananna Gníomhaíochta na hOifige a éiríonn as *Cothú an Dul Chun Cinn*, tá sraith iomlán doiciméad ar fáil anois don phobal, ar shlí nach raibh cheana, i dtaobh obair na hOifige, a bhfuil bainte amach ag na hOifigí agus a bhfuiltear ag súil lena bhaint amach sna blianta beaga atá romhainn.

Mar is léir ón Tuarascáil, bhí bliain ghnóthach ag an Oifig arís i 2002, nuair ba ghá na seirbhísí comhairliúcháin agus dréachtaithe a úsáid, ar fhógraí gearra, ar go leor saincheisteanna ilghnéitheacha dlí.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann uile na hOifige, lena n-áirínn Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, as an dua éifeachtach éifeachtúil a chaith siad arís d'fhonn seirbhísí dlí a sholáthar don Stát.

**Rory Brady SC** | Ard-Aighne

# Reamhrá leis an Ard-Stiúrthóir



*Ard-Aighne,*

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo ó Oifig an Ard-Aighne do 2002 ag tógáil ar Thuarascáil Bhliantúil 2001 inar tugadh tuairisc ar na forbairtí go deireadh Iúil, 2002. Sa Tuarascáil seo cuimsítear an Tuairisc Deiridh faoin Dul Chun Cinn ar *Ráiteas Straitéise na hOifige 1999 – 2002*, agus an Chéad Tuarascáil faoin Dul Chun Cinn ar fhorfheidhmiú *Threoir Seirbhíse na hOifige don Chliant 2002 – 2004.*

Tá an dul chun cinn a rinneadh fiúntach agus an-sásúil. Tá méadú tagtha ar speisialtóireacht Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ina gcuid gníomhaíochtaí, agus tugann sin deis níos fearr dóibh freastal ar riachtanais a gcliant, is é sin, an Rialtas, na Ranna agus na hOifigí a bhfónann siad dóibh.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le foireann uile na nOifigí agus aitheantas a thabhairt do shárchaighdeán na hoibre a dhéanann siad agus dá dtiomantas don fhorbairt agus don fheabhsúchán leanúnach.

I Meitheamh 2003, d'fhoilsigh an Oifig *Ráiteas Straitéise nua, 2003 – 2005*. Tá sé mar bhunchuspóir ag an Oifig seirbhís ghairmiúil dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí. Is chun na críche sin a dhírímid ár n-iarrachtaí uile, cibé acu ag soláthar na seirbhísí dlí féin nó ag riaradh na nOifigí. Bíonn scrúdú leanúnach ar siúl ag na hOifigí ar riachtanais na gcliant, a bhíonn ag forbairt agus ag athrú i gcónaí. Tiomantas do riachtanais na gcliant a bheidh mar threoirphrionsabal ag an Oifig le linn an Ráitis Straitéise reatha; agus faoi láthair tá

# Reamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ag ullmhú le haghaidh Cairteacha Cliaint a fhoilseofar san Fhómhar.

Mar chruthú breise ar an athrú seo agus ar a dtiomantas don fhorbairt, d'fhoilsigh na hOifigí Pleananna Gníomhaíochta i Lúnasa, 2003, a éiríonn as *Cothú an Dul Chun Cinn* agus a leagann síos tosaíochtaí na nOifigí don dá bhliain atá romhainn agus na sainghníomhartha lena mbainfear na tosaíochtaí sin amach. Léiríonn na Tuairiscí ar Dhul Chun Cinn na bPleananna Gníomhaíochta seo go bhfuil foireann na nOifigí tar éis forbairtí móra fairsingithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm cheana féin sna hOifigí.



**Finola Flanagan** | Ard-Stiúrthóir



# 01 An Ráiteas Bunchuspóra agus na Príomhchuspóirí chun teacht ar an mBunchuspóir

**Is é bunchuspóir Oifig an Ard-Aighne ná seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí.**

Rachaidh an Oifig i mbun a bunchuspóra leis na cúig phríomhchuspóirí a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise:

> Soláthar na sainseirbhísí gairmiúla dlí a chothabháil agus a fhorbairt i ngach réimse dlí a bhfuil mórthábhacht leis don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí.

> An bainistíocht chuí oifige agus eagraíochta a bheith ann chun seachadadh éifeachtach na seirbhísí dlí a chinntiú don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí agus chun caidreamh éifeachtach torthúil oibre a chinntiú, ag cur san áireamh chlár an athraithe sa tseirbhís phoiblí.

> Straitéis bainistíochta daonacmhainní a fhorbairt a thagann le cuspóirí ginearálta na hOifige.

> A chinntiú go bhfuil teacht ag an bhfoireann ar an eolas atá riachtanach dóibh, trí fhorbairt leanúnach ar na seirbhísí leabharlainne, na córais bainistíochta faisnéise agus eolais, agus ar an mbreisoideachas is cuí.

> Cur le héifeacht na seirbhíse poiblí trí spreagadh agus cabhair a thabhairt chun seirbhísí dlí an stáit a chomhordú.

# 02 Príomhfhorbairtí i 2002

## Forbairtí Eagrúcháin

Chuir an Comhchoiste Comhaireach Bainistíochta sa dá Oifig (an Príomh-CCB) agus na Coistí Comhairleacha Bainistíochta áitiúla ar leith ar príomhfhócas i gcónaí ar shaincheisteanna polasaí agus oibre, agus ar cheisteanna a éiríonn as Tionscnamh na Bainistíochta Straitéisí agus cúrsaí eagrúcháin.

Sa chéad Treoirleabhar Seirbhíse don Chliant a d'fhoilsigh an Oifig, i Meitheamh, 2002, leagadh amach tiomantas na hOifige maidir le seirbhís ghairmiúil sárchaighdeáin a sholáthar, le riachtanais na gcliant san áireamh.

Rinne an Oifig dul chun cinn suntasach ar fheidhmiú na Straitéise um Theicneolaíocht Faisnéise, ina bhfuil tionscadail dírithe ar a príomhphróisis gnó. Rianaítear an dul chun cinn i gCaibidil 4 den Tuarascáil seo.

Cuireadh nua-Ráiteas Straitéise don tréimhse 2003 – 2005 faoi bhráid an Ard-Aighne i Nollaig, 2002 agus foilsíodh an leagan clóbhuailte i nGaeilge agus i mBéarla in Iúil 2003.

## Atheagrúchán laistigh den Oifig

Lean an Oifig i mbun atheagrúcháin i 2002 chun freastal ar riachtanais athraithe na gcliant, na Ranna agus na nOifigí.

Mhothaigh an Oifig go raibh an t-ualach oibre ag fás go leanúnach agus gur ghá cuid mhór de a ghlanadh mar ábhar práinne. Mar fhreagra ar an éileamh breise seo, lean an Oifig ag díriú ar speisialtacht an Abhchóide Chomhairligh agus an Abhchóide Parlaiminte in Oifig Shráid Mhuirfean, lena chinntiú go raibh tosaíochtaí nua oibre á gcruthú mar ba ghá agus iarrataí Ranna á bhfreagairt in am cuí.

Ba chóir go dtiocfaidh laghdú áirithe ar an méid mór dlíthíochta a láimhseálann an tAbhcóide Comhairleach agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ó bunaíodh Gníomhaireacht Éilimh an Stáit agus gur tiomnaíodh don Ghníomhaireacht an bhainistíocht ar bhunús na n-éileamh in aghaidh an Stáit maidir le díobháil phearsanta nó damáistiú maoine.

Léirigh feidhmiú an atheagrúcháin mhóir ar eagar ranna agus rannóga in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit go luath i 2002, an tslí a bhfuil éilimh oibre na gcliant-Ranna agus na

# 02 Príomhfhorbairtí i 2002

gcliant-Oifigí ag athrú. Cruthaíodh struchtúr eagraíochta níos éifeachtaí dá réir chun seirbhísí aturnae a sholáthar atá dírithe go han-soiléir ar riachtanais na gcliant.

I Márta, 2002, bunaíodh Coiste Iniúchóireachta le haghaidh Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Príomh-Aturnae an Stáit araon. Tá duine neamhspleách ó lasmuigh, a bhí cheana ina Uachtarán ar Institiúid na gCuntasóirí Cairte, mar chathaoirleach ar an gCoiste. Chuir an Coiste chun oibre trí ghlacadh le cairt fhoirmeálta agus, le linn na bliana, chuidigh sé le forbairt an róil agus an chláir oibre a bhí ag an iniúchóir inmheánach. Méadaíodh ballraíocht an Choiste i Samhain, 2002, nuair a ceapadh beirt bhall neamhspleách eile ó lasmuigh – duine acu nach raibh sa tseirbhís poiblí. Tá sé i gceist go leanfaidh an Coiste ag tabhairt treorach agus tacaíochta maidir le córas um bainistiú Riosca a fhorbairt laistigh de na hOifigí sna blianta atá romhainn.

Mar áis d'Oifig Shráid Mhuirfean agus d'Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, bunaíodh Aonad nua um bainistiú an Athraithe i Meitheamh, 2002, chun cabhrú leis an gCoiste Comhairleach Bainistíochta agus le Cinn Riaracháin sa dá Oifig dul i mbun an chláir athraithe a éiríonn as tionscnaimh mar an Tionscnamh um bainistíocht Straitéiseach (TBS), Seachadadh Rialtais Fheabhsaithe (SRF), An Córas um Bainistiú agus Forbairt Feidhmíochta (CBFF), Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir (SAC), An Creat um Bainistiú Faisnéise (CBF), cur chun cinn na teanga, etc., laistigh de na hOifigí.

Rinneadh ceapachán in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit in Iúil, 2002, do phost nua mar Oifigeach Acmhainní Daonna agus ceapadh Oifigeach Traenála ar leith, freisin, i Lúnasa, 2002.

## Foireann Nua

Faoi dheireadh 2002, mhéadaíodh an líon foirne ceadaithe in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ó 127 go 237 duine. I rith na bliana earcaíodh foireann nua comhairle agus dréachtaithe dlí, riaracháin agus cléireachais in Oifig Shráid Mhuirfean, agus foireann dlí, riaracháin agus cléireachais in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

# 02 Príomhfhorbairtí i 2002

## Coiste Comhpháirtíochta

Le linn 2002, bhí baint lárnach as na Coistí Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit le forbairt leanúnach sna hOifigí ar chultúr an athraithe, a thionscain *Comhpháirtíocht 2000*. Phléigh an dá Choiste, a bhfuil ionadaíocht ó gach ceann de na hoifigí orthu, le buncheisteanna a bhaineann leis na hOifigí agus le hábhair a bhaineann le feidhmiú an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach. I measc na bpríomhcheisteanna ar thug an Coiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean aghaidh orthu bhí an Córas um Bainistiú agus Forbairt Feidhmíochta, Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméar, feidhmiú an Phlean TF, dul chun cinn an Chreata um Bainistiú Faisnéise, cóiríocht, slándáil agus an nua-*Ráiteas Straitéise 2003 – 2005*; agus bunaíodh Fo-Choistí, freisin, chun cúrsaí cumarsáide i gcoitinne a scrúdú laistigh den Oifig. Scrúdaigh an Coiste Comhpháirtíochta in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit na ceisteanna thuas, freisin, agus d'fhéach Fo-Choistí ar athruithe a tharla maidir le cleachtais oibre, ríomh-sheirbhísí oibre, oibriú solúbtha, prótacal r-phoist agus cóiríocht.

## Córais um Bainistiú agus Forbairt Feidhmíochta (CBFF)

Críochnaíodh an chéad, an dara agus an tríú céim (comhaontú ar Fhoirm Rólphróifíle, Athbhreithniú Eatramhach agus Luacháil/Measúnú deiridh) faoi seach, sa chéad timthriall bliantúil den CBFF in Oifig Shráid Mhuirfean faoi dheireadh Iúil, 2002. D'aontaigh an Coiste Comhpháirtíochta ar chroí-inniúlachtaí na hOifige a bhí le lua sna Foirmeacha Rólphróifíle nua do dhara timthriall bhliantúil an CBFF a thosaigh in Eanáir, 2003. Is iad na croí-inniúlachtaí ar glacadh leo:

(i) Scileanna/Eolas Teicniúil(-úla),

(ii) Seirbhís don Chliaint, agus

(iii) Cumarsáid.

I Samhain, 2001, bhunaigh an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) Grúpa Tionscnaimh um Bainistiú Feidhmíochta chun tacú le Príomh-Aturnae an Stáit an CBFF a thabhairt isteach. Chuir SHR Consulting cabhair ghairmiúil ar fáil. Ba cheann de phríomhghnóthaí an Ghrúpa é comhairle a thabhairt faoi shraith de chroí-inniúlachtaí a thacódh le príomhchuspóirí an Ráitis

# 02 Príomhfhorbairtí i 2002

Straitéise. Is iad na hinniúlachtaí a roghnaíodh do 2002:

(i) Bainistiú Daoine.

(ii) Seirbhís don Chustaiméir.

(iii) Cumais Theicniúla.

(iv) Comhar.

Glacadh an chéad chéim forfheidhmithe in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i Nollaig 2001/Eanáir, 2002. Comhlánaigh 173 bhall foirne Foirmeacha Rólphróifíle. Chuir Institiúid Bainistíochta Éireann dhá lá traenála foirne ar fáil don dara céim – céim na bainistíochta leanúnaí – i Feabhra, Márta agus in Aibreán, 2002. Ar deireadh, reáchtáladh seisiún traenála lae ag deireadh na bliana chun plé leis an gcéim athbhreithnithe. Rinneadh an fhorbairt ar chóras na hOifige, tríd síos, i gcomhairle le sainleasa na foirne.



### Cruinniú d'Ard-Aighní agus de Phríomh-Bhreithiúna an AE i mBealtaine, 2002

Chríochnaigh Oifig Shráid Mhuirfean mórfhiontar ullmhúcháin agus óstaíochta i 2002 maidir le cruinniú débhliantúil i mBaile Átha Cliath d'Ard-Aighní agus de Phríomh-Bhreithiúna Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Lean an cruinniú i Farmleigh ar feadh tréimhse dhá lá ag deireadh Bealtaine, 2002.

### Obair na hOifige i 2002

Bhí an bhliain i gceist an-bhróidiúil don Oifig uile, iad ag soláthar comhairle dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí, ag dréachtadh reachtaíochta, ag soláthar seirbhísí dlíthíochta agus tíolactha agus seirbhísí idirbheartaíochta eile don Stát. Mar a tugadh le fios i Réamhrá an Ard-Stiúrthóra, tá Tuarascáil Bhliantúil seo na hOifige do 2002 ag tógáil ar Thuarascáil Bhliantúil 2001, a foilsíodh i Nollaig, 2002 agus a thug tuairisc mhion ar fhorbairtí go deireadh Iúil, 2002. Tugtar achoimre ghearr thíos ar chuid de phríomhfhorbairtí oibre na hOifige i 2002.

# 02 Príomhfhorbairtí i 2002

### Obair an Abhcóide Chomhairligh i 2002

Le linn 2002, rinne an tAbhcóide Comhairleach in Oifig Shráid Mhuirfean agus an fhoireann dlí in OPAS, freisin, mór-infheistíocht ama sna hábhair seo a leanas:

### An Dlí Núicléach

(a) Thionscnaigh an Stát dhá chás eadrána idirnáisiúnta a d'éirigh as coimisiúnú **gléasra MOX i Sellafield**. Éisteadh cás an Stáit, maidir le faisnéis chomhshaoil faoi Choinbhinsiún Osló agus Pháras um Chosaint an Chomhshaoil Mara san Atlantach Thoir Thuaidh (Coinbhinsiún OSPAR), i mBuan-Chúirt Eadrána na Háige idir an 21ú agus an 25ú Deireadh Fómhair 2002. Bhain argóint an Stáit go príomha le cóiriú na dtuairiscí eacnamaíochta i gcomhthéacs le fírinniú eacnamaíochta a thairiscint ar choimisiúnú gléasra MOX. Leanadh den obair ar dhara cás an Stáit faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí na Mara (UNCLOS). Baineann an cás go príomha le ceisteanna faoi mheasúnú comhshaoil, faoi chomhoibriú agus faoi thruailliú,

(b) le breithniú an AE ar dhaingniú an phrótacail le Coinbhinsiún Pháras maidir le Dliteanas Triú Páirtí i réimse an Fhuinnimh Núicléigh,

(c) leis an Treoir faoi Dhliteanas Comhshaoil atá molta,

(d) leis an dréacht-phacáiste maidir le sábháilteacht núicléach a mhol Coimisiún na hEorpa.

### Angla-Éireannach

I measc na nithe ar thug an Oifig comhairle fúthu bhí:-

(a) ceisteanna a bhain le póilíneacht agus ceartas i dTuaisceart Éireann.

(b) ceisteanna a d'éirigh as fionraíocht na n-institiúidí i dTuaisceart Éireann.

(c) ceisteanna a d'éirigh as feidhmiú na n-institiúidí Thuaidh/Theas.

# 02 Príomhfhorbairtí i 2002

## *Stage* i gCúirt Bhreithiúnais na hEorpa

Chaith Abhcóide Comhairleach as Oifig Shráid Mhuirfean trí mhí i gCúirt Bhreithiúnais na hEorpa i Lucsamburg ó Shamhain, 2002 go lár Márta, 2003. Ba é cuspóir na *stage* ná tuiscint an Stáit ar fheidhmiú na Cúirte a mhéadú d'fhonn na gnáthaimh baile maidir le dlíthíocht os comhair na Cúirte sin a fheabhsú.

## Traenáil CECD

D'eagraigh an Oifig léachtaí faoi Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta Daonna (CECD) dá foireann féin agus d'fhoirne ábhartha i Ranna agus in Oifigí eile.



## Obair an Abhcóide Parlaiminte i 2002

Bhí Abhcóide Parlaiminte an Rialtais (APR) páirteach arís i 2002 sa dréachtadh a rinneadh ar mhéid shuntasach den reachtaíocht phríomhúil. Foilsíodh 39 Billí Rialtais, len n-áirítear Bille amháin chun an Bunreacht a leasú (féach Iarscríbhinn A).

Cruthaíodh agus feidhmíodh Plean Traenála d'Abhcóidí Parlaiminte, lena chinntiú go bhfaighidh dréachtóirí nua a thagann isteach san Oifig an traenáil chomhsheasmhach fhairsing a chuideoidh leo leanúint den obair dréachtaithe dlí d'ardchaighdeán a sholáthraíonn OAP don Rialtas.

Achtaíodh 33 Billí Poiblí in iomlán i 2002 (féach Iarscríbhinn B) agus osclaíodh 698 gcomhad in iomlán a bhain le hionstraim reachtúla.

Glacadh comhairle leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí i dtaobh Bille Léirmhiúcháin 2000, go háirithe i gcomhthéacs lena thuairisc ar Dhréachtadh agus ar Léirmhiúcháin Reachtúil: Caint Shoiléir agus an Dlí (Nollaig 2000, LRC 61-2000). Tá gnéithe den Tuairisc sin le feiceáil sna leasuithe ar an mBille a tairgeadh ag Céim an Choiste.

Tá Lámhleabhar um Dhréachtú le fáil ar ríomhaire anois, le bunachar sonraí don fhoireann dlí uile atá in Oifig Shráid Mhuirfean. Pléann an lámhleabhar leis an struchtúr reachtaíochta, lena n-áirítear

comhpháirteanna caigheánacha d'Achtanna agus leagan amach, agus cuí-úsáid teanga sa reachtaíocht. Obair OAP ar Ionstraim Reachtúla: Tá críoch curtha leis an Seicliosta agus Treoirlínte um Dhréachtú. Tá sé comhdhéanta de sheicliostaí le haghaidh chumadh na ndréacht-Ionstraimí Reachtúla, de threoirlínte faoi dhréachtú, agus den stíl cheart atá le húsáid in OAP agus i Ranna Rialtais. Scaipeadh an Seicliosta agus na Treoirlínte um Dhréachtú ar gach Roinn Rialtais agus gach oifig a bhaineann leo. Is tionscadail leanúnacha iad an Lámhleabhar um Dhréachtú agus an Seicliosta agus Treoirlínte um Dhréachtú, agus athbhreithneofar go tréimhsiúil iad.

## OBAIR OIFIG PRÍOMH-ATURNAE AN STÁIT I 2002

### An Rannóg Tráchtála agus Bunreachta

Théadh na cásanna a phléití sa Rannóg seo, de ghnáth, chuig éisteacht iomlánach (a ghlacadh tamall fada go minic) san Ard-Chúirt, sa Chúirt Chuarda nó uaireanta sa Chúirt Dúiche, sin nó bhíodh achomharc i gceist sa Chúirt Uachtarach. Baineann na ceisteanna dlí a éiríonn sna cásanna seo le réimsí ar nós an dlí maidir le tráchtáil, conarthaí, fostaíocht, árachas, comhshaol, pleanáil, toghacháin, sláinte poiblí, leas sóisialach, riarachán, an bhunreacht agus an tAontas Eorpach. Sa bhliain 2002, ghlac an Rannóg le 1,120 cásanna nua (ar bhain 863 acu le tiománaithe tacsaí ag éileamh damáistí i leith na gceadúnas tacsaí a líomhnaítear a eisíodh go mídhleathach idir 1978 agus 2000).



### An Rannóg um Athbhreithniú Breithiúnach

Is trí Athbhreithniú Breithiúnach a dhéantar rialú breithiúnach ar ghníomhaíochtaí riaracháin agus is é siúd an próiseas, freisin,

# 02 Príomhfhorbairtí i 2002

trína gcuireann an Ard-Chúirt a dhlínse i bhfeidhm ar imeachtaí agus ar chinntí na n-íoschúirteanna, ar bhinsí fiosraithe agus ar chomhlachtaí eile a bhfuil feidhmeanna samhailbhreithiúnacha acu nó a bhfuil an cúram orthu gníomhartha poiblí agus dualgais phoiblí a chomhlíonadh. Bíonn an Rannóg seo, freisin, ag plé le habeas corpus, cásanna sonraithe, cásanna uchtála, aistriú daoine daortha, litreacha iarrata ó bhinsí fiosraithe eachtracha, agus le seirbheáil doiciméad, faoi Rialachán Uimh. 1348/2000 de Chomhairle an AE agus faoi Choinbhinsiún na Háige 1965 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil thar lear, in imeachtaí sibhialta agus tráchtála. Sa bhliain 2002, fuair an rannóg 139 n-athbhreithniú breithiúnach, 43 chás habeas corpus, 8 gcás uchtála, 5 chás um aistriú daoine daortha, 4 chás sonraithe, 4 litir iarrata ó bhinsí fiosraithe eachtracha agus 261 dhoiciméad le seirbheáil faoi Rialachán Uimh. 1348/2000 agus faoi Choinbhinsiún na Háige maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil thar lear i gcúrsaí sibhialta agus tráchtála.

### Tíolacadh agus Roinnt Maoine

I 2002, tháinig méadú mór ar obair an Rannáin um Thíolacadh agus Roinnt Maoine i gcomparáid leis na blianta roimhe sin.

Chlúdaigh obair an Rannáin raon leathan d’idirbhearta ilghnéitheacha maoine, ó dhíolachán mhaoin farasbairr an Stáit, cheannachán maoine oidhreachta agus portaigh lena gcaomhnú, maraon le suímh do scoileanna agus do Stáisiúin na nGardaí, léasanna maidir le cóiríocht oifige do Ranna Rialtais, agus ligean urthrá agus suímh ag Ionaid na gCuan Iascaigh. I measc gnóthaí eile bhí tarscaoileadh maoine le cuideachtaí atá díscaoilte faoin Acht um Mhaoin an Stáit 1954, eastáit eiséata, deontais faoin gClár um Chaipiteal Spóirt (Crannchur), agus Scéim Tacaíochta um Fheabhsú Ealaíon, Cultúir & Caipitil (STFCEC nó *ACCESS*).

D’oibrigh an Rannán i gcomhar le trí fhoireann a thugann seirbhís dhílsithe do Ranna ainmnithe.

# 02 Príomhfhorbairtí i 2002

### Binsí Fiosraithe

I rith 2002 chuir an Oifig ionadaíocht Abhcóide ar leith ar fáil do Choimisinéir na nGardaí agus don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athbhreithnithe Dlí ag an mBinse Fiosraithe um ghearáin faoi roinnt Gardaí i Rannán Dhún na nGall (Binsí Fiosraithe Morris); agus chuir sí ionadaíocht Abhcóide ar fáil, freisin, don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag an mBinse Fiosraithe faoi íocaíochtaí le Cathal Ó hEochaidh agus Michael Lowry (Binse Fiosraithe Moriarty).

### Feirm Ghaoithe Bhruach an Inbhir Mhóir

I 2002 d'fhostaigh an Oifig comhlacht Arthur Cox, Aturnaetha, mar chomhairleoirí dlí seachtracha chun Léas Forthrá a ullmhú chun tógáil na feirme gaoithe ar Bhruach an Inbhir Mhóir a éascú, tionscadal a chuimseoidh an fheirm ghaoithe is mó ar domhan nuair a bheidh sé lánfhorbartha. Ba í OPAS a rinne bainistiú ar na seirbhísí dlí don tionscadal seo.

### Bainistiú Tionscadail

I bhfianaise na dtionscadal éagsúla ar leith a bhí ar bun laistigh den Oifig, cuireadh traenáil faoi bhainistiú tionscadail ar fáil do bhaill foirne ábhartha ó Oifig Shráid Mhuirfean agus ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i nDeireadh Fómhair, 2002.

### Saoráil Faisnéise

Tá staitisticí i dtaobh na n-iarrataí chuig Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit faoin Acht um Shaoráil Faisnéise le fáil in Iarscríbhinn D. As an dá iarraidh is fiche a fuarthas in Oifig Shráid Mhuirfean, an líon is lú ó 1998, deonaíodh trí cinn agus páirtdeonaíodh dhá cheann. In Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit fuarthas sé iarraidh, trí cinn níos lú ná i 2001 agus deonaíodh iarraidh amháin acu.

# 03 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 1

**Chun soláthar na sainseirbhísí gairmiúla dlí a chothabháil agus a fhorbairt i ngach réimse dlí a bhfuil mórthábhacht leis don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí, beidh an Oifig:**

> ag leanúint de shainaithint na réimsí dlí, lena n-áirítear réimsí forbartha nó nua, ar ghá don Oifig sainseirbhísí dlí a sholáthar ina leith d'fhonn seirbhís chuimsitheach ghairmiúil dlí a chur ar fáil don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí, agus le go mbeidh ar chumas an Ard-Aighne na feidhmeanna a bhronn an Bunreacht go sonrach air a chomhlíonadh. Go háirithe beidh an Oifig:

- ag leanúint le forbairt agus le feabhsú chóras na sainrannán/ sainghrúpaí;
- ag forfheidhmiú chlár an Aonaid Athchóirithe um an Dlí Reachtúil maidir le feidhm an dréachtaithe; agus
- ag coinneáil bonn ar bhonn i gcónaí le forbairtí dlí agus eagrúcháin in oifigí dlí eile in Éirinn agus thar lear;

> ag soláthar struchtúir eagrúcháin, lena n-áirítear córais chun obair a dháileadh laistigh den Oifig, a thabharfaidh an deis is gá do dhlíodóirí a sainréimsí dlí a fhorbairt agus a chleachtadh, ag cur san áireamh mar is cuí roghanna na ndlíodóirí féin i sainréimsí dlí;

> ag cothú agus ag forbairt saineolais gach dlíodóra ar leith i gcroíréimsí dlí na bunreachta agus an riaracháin;

> ag críochnú fheidhmiú na moltaí sa tuairisc a bhaineann le hathdhearadh an phróisis dréachtaithe i leith atheagrúchán in Oifig an Dréachtóra Parlaiminte;

> ag críochnú an lámhleabhair um dhréachtú d'Oifig an Dréachtóra Parlaiminte agus á chur in úsáid;

> ag leanúint le rannpháirtíocht bhaill na hOifige in imeachtaí na gcumann dlí, agus eagraíochtaí agus comhlachtaí gairmiúla.

# 03 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 1

### AN DUL CHUN CINN A RINNEADH:

#### An Taobh Comhairleach d'Oifig Shráid Mhuirfean

Chun príomhchuspóirí na hOifige a aimsiú, tá buntábhacht le forbairt leanúnach agus le béim an Abhcóide Chomhairligh ar speisialtóireacht. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh i 2001 ar speisialtóireacht an Abhcóide Chomhairligh in Oifig Shráid Mhuirfean agus tar éis tuilleadh foirne a earcú, chruthaigh an Oifig cúig shain-Ghrúpa i Nollaig 2001, as na trí Ghrúpa bunaidh. Chuidigh an speisialtóireacht seo leis na hAbhcóidí Comhairleacha, a bhfuil dualgas orthu a bheith saineolach ar dhlí na bunreachta, na hEorpa, daonchearta agus riaracháin, chomh maith lena sainréimse speisialtóireachta dlí féin, d'fhonn déileáil go héifeachtach leis an obair mhéadaithe san Oifig le linn 2002, ar bhealach níos chomharbhunaithe.

Le linn 2002, d'fhás an méid oibre a fuarthas san Oifig i ngach réimse den dlí. Lean an t-éileamh mór, ach go háirithe, i réimsí forbartha a bhain le Gaeilge, Reifrinn i réimse an Chirt, saincheisteanna an Dlí Núicléigh, cúrsaí Angla-Éireannacha, Cearta Daonna, dlí an Teaghlaigh, saincheisteanna Sóisialta, saincheisteanna Idirnáisiúnta, saincheisteanna Dlí Liachta, cúrsaí an AE, Binsí Fiosraithe, an dlí Eitice, an dlí Toghacháin, dlí na gCuideachtaí, an Dlí Coiriúil, saincheisteanna sláinte, Leithreasú agus Caiteachas Poiblí, Carthanais, Monaíocht agus an Euro, Cúiteamh an Gharda, Gníomhartha agus Pleanáil Insteora agus Forbairt.

Lean roinnt grúpaí neamhfhoirmeálta ag feidhmiú laistigh den Oifig, rud a léirigh cumas agus solúbthacht an eagrúcháin chun riachtanais na gcliant a fhreastal. Grúpaí dá sort seo a leanas: Cruinnithe Míosúla faoi Cheisteanna Dlí (ag a n-ardaítear saincheisteanna dlí a bhfuil spéis choitianta iontu), cruinnithe rialta na ngrúpaí comhairleacha dlí éagsúla, dhá chruinniú seachtainiúla na "gComhordaitheoirí", ag a mbíonn Abhcóide Comhairleach Grád 1, an Leas-Ardstiúrthóir agus an tArd-Stiúrthóir, maidir le forbairtí dlí agus a mbaineann leo laistigh den Oifig, cruinniú seachtainiúil an Abhcóide Chomhairligh atá freagrach as cúrsaí

03

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 1

tearmainn, chun ceisteanna tearmainn a phlé, agus cruinnithe den ghrúpa atá ag breathnú ar atheagrú speisialachtaí san Oifig.

### Taighleoir Dlí don AE

Is láreilimint intreach é d'fheidhmiú éifeachtúil na Buanionadaíochta agus na hOifige go leanfaí i 2002 le sannadh an Abhcóide Chomhairligh mar Chomhairleoir Dlí ar iasacht do Bhuan-Ionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséal. Éascaíonn a rólsan, ar bhonn leanúnach, luath-rannpháirt na hOifige i ngach idirbheart tábhachtach den AE, lena n-áirítear athchóiriú an Chonartha, an Chomhdháil Idir-Rialtasach, agus an Coinbhinsiún um Chairt na mBuncheart.

### Oifig Abhchóide Parlaiminte an Rialtais (OAP)

Mar atá i gcás Abhcóidí Comhairleacha, tá sé tábhacht go leanfaí leis an bhforbairt agus leis an mbéim ar speisialtacht an Abhcóide Parlaiminte, d'fhonn príomhchuspóirí na hOifige a aimsiú. Cuireadh le héifeacht agus le héifeachtúlacht an tsoláthair seirbhíse maidir le dréachtú reachtaíochta ar ardchaighdeán, tríd an Oifig a atheagrú i dtrí ghrúpa, gach ceann faoi cheannas Abhcóide Pharlaiminte, Grád 1, agus gach ceann acu freagrach as riachtanais reachtaíochta cúig Roinn Rialtais. D'éascaigh an t-atheagrúchán seo an fhorbairt ar dhea-chaidrimh oibre idir cliant-Ranna agus cliant-Oifigí ar thaobh amháin, agus Abhcóidí Parlaiminte ar an taobh eile a bheadh gafa go dian nó thar thréimhsí fada, nó iadsan araon, ar mhír dréachta a bheadh tábhachtach ó thaobh polaitíochta nó polasaí de don Roinn nó don Oifig sin. Ag deireadh 2001, d'iarr an Oifig ar gach cliant-Roinn agus cliant-Oifig go n-ainmneofaí comhordaitheoir a bhféadfaí plé leis faoi thosaíochtaí reachtaíochta. Mar sin de, tá meicníocht athbhreithnithe i bhfeidhm anois a aithneoidh na réimsí dréachtaithe arbh fhiú athbhreithniú a dhéanamh orthu ó am go ham.

Le linn 2002, lean roinnt grúpaí neamh-fhoirmeálta ag feidhmiú laistigh de OAP, rud a léirigh cumas na hOifige agus an solúbthacht eagrúcháin a bhí aici le riachtanais reachtúla na gcliant a fhreastal. Bhí cruinnithe seachtainiúla

# 03 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 1

ag an bPríomh-Abhcóide Parlaiminte le ceannairí na dtrí ghrúpa chun forbairtí dréachtaithe agus a mbaineann leo a phlé. Tháinig grúpaí eile le chéile go rialta, ar nós chruinnithe míosúla na nAbhcóidí Parlaiminte (mar ar ardaíodh ceisteanna dréachtaithe a raibh imní ghinearálta fúthu) agus cruinnithe rialta na ngrúpaí dréachtaithe éagsúla.

Tugadh beirt Abhcóide Parlaiminte nua, Grád III, isteach san Oifig ag tús 2002.

I 2002, críochnaíodh obair ar an Lámhleabhar um Dhréachtú, a phléann le struchtúr na reachtaíochta, lena n-áirítear comhpháirteanna caighdeánacha d'Achtanna, an leagan amach agus úsáid na teanga sa dlíthíocht, agus cuireadh seo ar fáil ar bhonneagar sonraí don fhoireann dlí uile laistigh d'Oifig Shráid Mhuirfean.

Ina theanntasan, i 2002, críochnaíodh Seicliosta agus Treoirlínte le haghaidh ullmhú na nIonstram Reachtúil. Tá sé sin comhdhéanta de sheicliostaí chun dréacht-ionstraim a cheapadh agus treoirlínte maidir leis an dréachtú agus an stíl cheart atá le húsáid.

### An tAonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (AADR)

Bunaíodh an tAonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil i 1999 chun clár athchóirithe agus comhdhlúite an reachtdlí a dhréachtú agus a fheidhmiú, rud a raibh an-ghá leis chun Leabhar Reachtaíochta inrochtana a chruthú agus a chothú, agus é siúd a bheith lárnach d'fheidhmiú éifeachtach an chórais dlí; agus rinne an tAonad an-dul chun cinn i 2002 chun an clár oibre a fhorfheidhmiú.

Ritheadh an tAcht um an Dlí Reachtúil (Athráiteas) 2002 i Nollaig, 2002. D'ullmhaigh an tAonad Treoirleabhar maidir leis an bPróiseas Athráitis agus d'eagraigh sé clár de sheimineáir chun an polasaí Athráitis a mhíniú. Bhí an chéad seimineár acu seo sa Chumann Dlí i Samhain, 2002.

Lean an AADR dá chuid oibre ar na Táblaí Cróineolaíochta 1922 go 2001, agus cuireadh ar fáil iad do CD-ROM agus do leathanach gréasáin na hOifige, i Nollaig, 2002.

Bhí an AADR bainteach le trí mhórthionscadal dréachtaithe i 2002: An Bille Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2002, An Bille um

# 03 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 1

Sheirbhísí Uisce 2002 agus an Bille um Sheandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Stairiúil 2002.

Bhí Stiúrthóir an AADR ar an nGrúpa Ard-Leibhéil a ceapadh chun Tuarascáil an OECD, *Regulatory Reform in Ireland*, a stiúradh agus a fheidhmiú, agus sholáthraigh sé aighneachtaí thar ceann Oifig an Ard-Aighne don phlédhoiciméad a d'fhoilsigh an Taoiseach dar teideal *Towards Better Regulation*.

Le linn 2002, lean Stiúrthóir an AADR ag freastal ar Mheitheal Oibre an OECD maidir le hAthchóiriú Rialúcháin agus bhí sé ar dhuine de na hathbhreithneoirí comhchéime ar Thuairisc an OECD faoi *Regulatory Reform in Poland*.

Bhí an AADR freisin ar Mheitheal Oibre Chomhairle Chomhphobail na hEorpa faoi bhunachair sonraí dlí a tháinig le chéile dhá uair i 2002.

### Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

I dtús 2002, atheagraíodh struchtúir Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit de bharr roinnt forbairtí a tharla lena n-áirítear:

> aistriú na bhfeidhmeanna aturnae maidir le hionchúisimh choiriúil chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Cúisimh atá lonnaithe laistigh d'Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí,

> bunú Gníomhaireacht Éilimh an Stáit,

> athdháileadh cásualach na dlíthíochta sibhialta d'fhonn dáileadh níos cothroime a dhéanamh ar an gcásualach agus ar an speisialtóireacht fheidhmiúil,

> tionscnamh na nuasheirbhísí dlí mar atá i réimsí dlí an tearmainn agus na hinimirce agus i gconarthaí tráchtála,

> an deis chun tuilleadh rannóga agus foirne speisialtóireachta a chruthú agus iad ailínithe níos fearr le riachtanais na gcliant,

> acmhainní breise ar fáil don Oifig, go háirithe i dtéarmaí líon foirne, agus deiseanna nua le struchtúr foirne níos fearr a chruthú,

> uíchóiriú déanta ar shocruithe le haghaidh

# 03 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 1

tacaíochtaí cléireachais (lena n-áirítear Lárionad na nDoiciméad, atá le bunú go luath),

> eidhmiú leanúnach an chláir nuachóirithe (TBS), le béim láidir ar ról an bhunchuspóra, ar an Ráiteas Straitéise, ar phleanáil gnó, ar Chomhpháirtíocht agus ar CBFF.

I rith na bliana fuarthas seirbhísí aturnae ó fhoinsí lasmuigh i dhá gcás bonneagair a bhfuil mórthábhacht náisiúnta leo. Sa dá chás, stiúraigh an Oifig próiseas roghnaithe na gcomhlachtaí dlí agus lean sí ag plé go dlúth le soláthar na seirbhíse, lena n-áirítear an t-idirbheartú faoi shocruithe táille, agus bunú na modheolaíochta don phróiseas agallaimh agus ceapacháin.

Bunaíodh Rannóg Seirbhísí Dlí nua i rith na bliana a bhfuil freagracht uirthi na costais dlí a fhorfheidhmiú agus a bhailiú go dlíthiúil i gcás caingean inar éirigh leis na páirtithe Stáit.

### Rannpháirt le Cumainn, Eagraíochtaí, Comhlachtaí Gairmiúla Dlí

Cothaíonn an Oifig i gcónaí rannpháirt in imeachtaí, eagraíochtaí agus comhlachtaí gairmiúla, agus aithnidiú forbairtí dlí agus eagrúcháin in oifigí dlí eile in Éirinn agus thar lear. Tá Acadamh Fondúireachta Dhlí na hEorpa, Trier, ar íoc an Oifig táille pátrúnachta na hÉireann de €50,000 leis i 2000, ina lárionad breisoideachais agus plé do dhlíodóirí na hEorpa, agus d'fhreastail foireann dlí na hOifige go rialta ar imeachtaí a bhí ar chlár comhdhála an Acadaimh. Ina theanntasan, d'fhreastail an fhoireann dlí go rialta ar chruinnithe faisnéise agus ar sheimineáir in Institiúid Ghnóthaí na hEorpa. Cuireann an Institiúid fóram neamhspleách ar fáil inar féidir forbairt a dhéanamh ar an bhfreagairt ó pholasaí straitéiseach na hÉireann ar phróiseas comhtháitithe na hEorpa, le cabhair taighde, foilseachán, sainghrúpaí oibre, faisnéisithe agus seimineár.

Íocann dhá thaobh na hOifige na síntiúis do bhaill ón dá Oifig le Cumann na nAturnaetha Corpartha agus Seirbhísí Poiblí, nó leis an

# 03 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 1

gCumann Dlí. Tá ionadaíocht ag Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit freisin ar Choiste na hEarnála Corpartha & Poiblí den Chumann Dlí.

### Forbairtí Dlí agus Eagrúcháin in Oifigí Dlí eile in Éirinn agus thar lear

Tá an fhoireann dlí ar dhá thaobh na hOifige ag freastal go leanúnach ar chomhdhálacha oideachais, ar sheimineáir agus ar chruinnithe faoi ábhair dhlíthiúla in Éirinn agus thar lear. I gcomhthéacs le forfheidhmiú Phlean na hOifige faoi Fhaisnéis Theicniúil, thug baill foirne sa dá Oifig cuairt ar chuid de na príomhchleachtais i mBaile Átha Cliath chun a gcuid feidhmeanna TF siúd a scrúdú.



Ina theanntasan, bhí tairbhe le baint ag an bhfoireann dlí sinsearach agus ag an Oifig ar fad as iasachtaí foirne do Bosnia/Herzegovina, d'Oifig Paitin na hEorpa, don Chúirt Bhreithiúnais i Lucsamburg agus don Bhuan-Ionadaíocht sa Bhruiséal.

# 04 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 2

**D'fhonn an bhainistíocht chuí oifige agus eagraíochta a bheith ann chun seachadadh éifeachtach na seirbhísí dlí a chinntiú don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí, agus chun caidreamh éifeachtach torthúil oibre a chinntiú, ag cur san áireamh chlár an athraithe sa tseirbhís phoiblí, beidh an Oifig:**

> ag cinntiú go gcuirfear am ar fáil chun an obair ó lá go lá agus an obair is gá maidir le pleanáil, forbairt, monatóireachta agus athbhreithniú príomhchuspóirí, a chur i gcrích go héifeachtach;

> ag tabhairt faoi fhorbairt ar gach leibhéal laistigh den Oifig ar bhonn comhpháirtíochta, dea-chumarsáide agus comhleasa;

> ag déanamh forbartha go leanúnach ar na struchtúir bainistíochta;

> ag feabhsú na córais cumarsáide inmheánacha agus sheachtracha;

> ag scrúdú an dóigh inar féidir le breisúsáid na teicneolaíochta faisnéise tacú le haimsiú na bpríomhchuspóirí agus go háirithe:

- Plean nua TF don Oifig a fhorbairt agus a fheidhmiú ar dhóigh a thabharfaidh aird ar shocruithe éagsúla gnó na nOifigí, i bhfianaise an ghá atá le malartú eolais eatarthu;
- córais um bainistíocht faisnéise airgeadais a fhorbairt;
- comhordú níos fearr ar an TF a chinntiú idir Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit;

> ag coinneáil an chláir bainistíochta doiciméad agus taifead ag feidhmiú;

> ag forbairt córais bhainistíochta oibre na hOifige ar bhonn leanúnach;

> ag déanamh forbartha ar lámhleabhar cuimsitheach don Oifig;

> ag forbairt agus ag feabhsú na seirbhísí corpartha san Oifig;

> ag cur gnáthamh iniúchóireachta inmheánaigh i bhfeidhm;

> ag forbairt táscairí éifeachtacha feidhmíochta;

> ag iarraidh aiseolais ón Rialtas, ó Ranna agus ó Oifigí, lena n-áirítear suirbhéanna cliaint.

# 04 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 2

## AN DUL CHUN CINN A RINNEADH

### Saineolas Bainistíochta

Leanann an Oifig ag forbairt a saineolais bhainistíochta, tríd an gCoiste Comhairleach Bainistíochta (Príomh-CCB) agus na Coistí Comhairleacha Bainistíochta sa dá Oifig a dhíriú níos mó ar cheisteanna polasaí, oibre agus bainistíochta ginearálta, agus ar cheisteanna, freisin, a éiríonn as an Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach, agus ar saincheisteanna eagrúcháin.

Méadaíodh saineolas bainistíochta na hOifige ar bhonn gníomhach trí roinnt sainimeachtaí, lena n-áirítear straitéis Oifige a d'fhorbair an bhainistíocht shinsearach (faoi threoir comhairleora sheachtraigh agus trí fhreastal ar thraenáil bainistíochta i gcás Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, agus clár a chumadh le haghaidh thraenáil na bainistíochta).

### Riarachán in Oifig Shráid Mhuirfean

Cuireadh le cumas na hOifige plé ar bhealach níos éifeachtaí leis na héilimh laethúla a dhéantar ar Oifig dlí chomhaimseartha, trí shruthlíniú a dhéanamh ar thaobh an riaracháin d'Oifig Shráid Mhuirfean le hAonaid ar leith ar nós Aonad na nAcmhainní Daonna, an Aonaid Airgeadais, Aonad na Seirbhísí agus Aonad na Teicneolaíochta Faisnéise a bhunú. Ina theanntasan, chinntigh bunú an nua-Aonaid um Bainistiú an Athraithe i Meitheamh, 2002, chun freastal a dhéanamh ar riachtanais Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit araon, go bhfuil cur chuige níos struchtúrtha ann feasta maidir le forfheidhmiú chlár an athraithe, a eascrann as an TBS agus as tionscnaimh eile an athraithe.

### Riarachán in OPAS

Lean próiseas an athraithe sa Rannán seo le linn 2002. Ar na hábhair ba shuntasaí bhí an méid seo a leanas:

> Feabhsú ar fheidhm na nDaonacmhainní nuair a ceapadh Bainisteoir nua Daonacmhainní i mí Iúil.

# 04 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 2

- Tosú ar an gCóras um Bainistiú agus Forbairt Feidhmíochta (CBFF).
- Atheagrú agus forbairt ar na feidhmeanna tacaíochta, nuair a aistríodh an fhreagracht maidir le hionchúisimh choiriúla go hOifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh.
- Forbairt ar fheidhm na traenála tar éis Oifigeach Traenála a bheith ceaptha i mí Lúnasa.

### Comhpháirtíocht

Aithníonn an Oifig i gcónaí tábhacht agus éifeachtúlacht na struchtúr comhpháirtíochta chun an bhainistíocht, na ceardchumainn agus na baill foirne ar gach leibhéal a chur ní hamháin ag cothú tionscnaimh a éiríonn as TBS, ach freisin, ag tabhairt rannpháirt don fhoireann i ngnó leanúnach na hOifige.

Mar a dúradh i gCaibidil 2, phléigh na Coistí Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit go leor croí-ábhar a bhain leis an Oifig agus le feidhmiú chlár an athraithe a éiríonn as an Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach. Ina theanntasan, ceapadh roinnt Fo-choistí saincheist-dírithe sa dá Oifig chun féachaint ar chumarsáid, thraenáil agus fhorbairt agus, i gcás OPAS, ar chursaí sóisialta, athruithe sna cleachtais oibre, r-sheirbhísí oibre, oibriú solúbtha, phrótacal agus chóiríocht r-phoist.

Bhí an Oifig ar cheann de na naoi Ranna/Oifig a roghnaigh an Lárionad um Fhorbairt Bainistíochta agus Eagrúcháin (LFBE) sa Roinn Airgeadais chun Athbhreithniú a dhéanamh ar Dhul Chun Cinn na Comhpháirtíochta sa Státseirbhís. Ghlac an Coiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean páirt in Athbhreithniú leathlae a eagraíodh san Oifig. Bhí baill foirne eile páirteach san Athbhreithniú seo trí fhreastal ar shaotharlanna lasmuigh den Oifig. Ghlac gach ball foirne in Oifig Shráid Mhuirfean páirt i suirbhé a rinne comhairleoirí faoi TBS agus faoin dul chun cinn a rinneadh go dtí seo san Oifig. Bhí bunpháirt ag na Coistí Comhpháirtíochta i gcumadh na Tuairisce faoi Dhul Chun Cinn na hOifige le haghaidh Grúpa Ráthú Caighdeáin na Státseirbhíse i Meitheamh 2002, sa chéad *Treoirleabhar um Sheirbhís don Chliant 2002 – 2004* a foilsíodh i

# 04 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 2

Meitheamh, 2002, agus sa nua-*Ráiteas Straitéise 2003 – 2005* a cuireadh faoi bhráid an Ard-Aighne i Nollaig, 2002.

### Cumarsáid

Aithníonn an Oifig i gcónaí gur gá go mbeadh dea-chumarsáid idir na baill foirne uile agus, go háirithe, cumarsáid éifeachtach idir an bhainistíocht agus an fhoireann, chun timpeallacht chomhchuí thorthúil oibre a chothú agus Oifig éifeachtúil a reáchtáil.

Bhí an chumarsáid in Oifig Shráid Mhuirfean ina príomhábhar plé nuair a bunaíodh fochoiste den Choiste Comhpháirtíochta chun cumarsáid inmheánach na hOifige a scrúdú agus moltaí a dhéanamh ina leith. Thairis sin choinnigh an Coiste Comhpháirtíochta an chumarsáid mar chroí-inniúlacht oifige don dara timthriall bliantúil den chóras um bainistiú agus forbairt feidhmíochta. Mar thoradh air seo, dhírigh an Oifig agus an fhoireann ar an gcumarsáid laistigh agus lasmuigh den Oifig agus ar fhorbairt an duine aonair. Cuirtear miontuairiscí agus clár oibre chruinnithe an Choiste Chomhairligh Bainistíochta ar fáil i gcónaí don fhoireann Oifige ar fad, maraon le bunachar sonraí agus miontuairiscí na gcoistí intí eile. Tá sé mar pholasaí i gcónaí go mbeadh baill foirne ó chearnaí éagsúla den Oifig rannpháirteach i gcoistí agus i meithil oibre mar is cuí. Go ginearálta, ós oifig chuíosach beag í an Oifig, labhraíonn na baill le chéile de réir mar is gá, gan aon socruithe foirmeálta chuige.

Ar an taobh Riaracháin tagann foireann na nAonad éagsúil le chéile go minic agus bíonn cruinnithe tras-Aonad ann nuair is cuí. Casann an tArd-Stiúrthóir leis an gCeannasaí Riaracháin ar bhonn seachtainiúil agus bíonn cruinnithe mar is cuí ag an gCeannasaí Riaracháin agus ag an mBainisteoir Daonacmhainní leis an bPríomh-Abhcóide Parlaiminte, Stiúrthóir an Aonaid um Athchoiriú an Dlí Reachtúil agus an Leas-Ardstiúrthóir. Bíonn cruinnithe tréimhsiúla ann freisin idir Cinn Riaracháin an dá Oifig agus an Ceann Riaracháin in Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí. Coinnítear teagmháil rialta freisin le hoifigigh thábhachtacha ó Ranna/Oifigí Rialtais eile maidir le ceisteanna a mbíonn spéis choitianta iontu.

# 04 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 2

In Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit tá feabhas curtha ar na struchtúir chumarsáide tríd an gComhpháirtíocht. Tá socruithe curtha i bhfeidhm chun casadh le hionadaithe na gcliant-Ranna ar bhonn rialta. Faoi choimirce na Comhpháirtíochta mhol Grúpa Cumarsáide san Oifig raon modhanna cumarsáide a feidhmíodh agus a bhfuil monatóireacht leanúnach á déanamh orthu ag an nGrúpa. Ar na bearta a cuireadh i gcrích, bhí cruinnithe rialta den rannóg, cruinnithe le Príomh-Aturnae an Stáit agus eisiúint tuairiscí ar an bplé ag an CCB, etc.

### Bainistiú na dTaifead

Láimhseálann an Clárlann in Oifig Shráid Mhuirfean gach postas a thagann chun na hOifige. Tá sí freagrach as bainistiú na gcomhad agus as an gcartlannaíocht, lena n-áirítear sainaithint na dtaifead atá le haistriú chuig an gCartlann Náisiúnta. I 2002 bhain an Oifig leas as cúnamh cartlannaí chomhairligh.

Le linn 2002 d'fhorbair an Oifig ar fad polasaí um bainistiú comhad agus taifead, i gcomhthéacs le feidhmiú Phlean na Teicneolaíochta Faisnéise. Cuirfidh an polasaí seo feabhas ar éifeacht an eagrúcháin agus cuíchóiriú ar choinneáil na gcomhad, mar scrúdaíonn sé conas doiciméid, taifid agus comhfhreagras a choinneáil ar chomhaid fhíorúla, nó ar na comhaid fisiciúla a fhreagraíonn dóibh, agus conas iad a bhainistiú agus cén t-eolas is gá chun tuairiscí a sheachadadh a fheabhsóidh bainistíocht na hOifige. Cabhróidh forbairt an pholasaí seo le forfheidhmiú an chórais bainistíochta cáis agus comhaid a mheastar a bheith i bhfeidhm faoi dheireadh 2004.

Leanann Oifig Shráid Mhuirfean ag úsáid na gcóras Riaracháin um Chomhadú agus Lorg Cumarsáide a forbraíodh laistigh, agus atá scartha ach comhtháite. Taifeadann agus lorgaíonn na córais seo gach ábhar neamh-dhlíthiúil san Oifig. Faoi láthair, tá siad scartha amach ón gClárlann Dlí. D'fhorbair an tAonad TF roinnt córas saindeartha le haghaidh Aonaid shainiúla den Oifig. Cuirfear córas nua um bainistiú cás agus taifead in áit na gcóras seo i 2004, agus cuirfear i bhfeidhm é i gcomhthéacs le Plean TF na hOifige.

# 04 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 2

Tá an réamhobair phleanála déanta in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit chun taifid reatha a sholáthar atá iomlán agus nuashonraithe, sula bhfeidhmeofar córas nua cás agus taifead. Bunaíodh Lárionad Doiciméad nua ag deireadh 2002 chun seirbhísí tacaíochta ar chaighdeán níos airde a sholáthar i dtaca le cóipeáil, ceangal agus cur i láthair doiciméad, postas inmheánach agus seachtrach, seachadadh facs, soláthairtí oifige agus stáiseanóireacht, clárú agus stóráil comhad agus comhadú cartlainne.

### Dualgais na Cartlainne Náisiúnta

Le linn 2002, lean Oifig Shráid Mhuirfean ag nuashonrú a cuid dualgas faoi Acht na Cartlainne Náisiúnta 1986. I Nollaig, 2002, aistríodh líon suntasach taifead chuig an gCartlann Náisiúnta. Thosaigh an Oifig ag traenáil na foirne Clárlainne chun scrúdú a dhéanamh ar thaifid a bheadh le haistriú.

D'fhostaigh OPAS comhairleoir le hathbhreithniú a dhéanamh ar a cuid taifead lena chinntiú go raibh a cuid dualgas faoi Acht na Cartlainne Náisiúnta 1986 á comhlíonadh, agus rinneadh an t-athbhreithniú seo i gcomhar le scrúdú ar an bpolasaí i leith Bhainistiú Comhad agus Taifead.

### Teicneolaíocht Faisnéise

Mhol an Plean TF a chuir PricewaterhouseCoopers ar fáil in Iúl 2001, thart ar thríocha tionscadal chun bonneagar urrúnta TF a sholáthar, maraon le foireann d'fheidhmiúcháin gnó a chabhróidh leis an Oifig ar fad a gcuid cuspóirí a aimsiú sna blianta atá romhainn.

### Tionscadail Bonneagair

Le linn 2002, críochnaíodh roinnt tionscadal bonneagair a sholáthraíonn an bonn daingean TF don Oifig ar a dtógfar na córais agus na feidhmiúcháin gnó atá riachtanach. Orthu seo, tá sé i gceist nuafheisteas TF sárchaighdeáin a thógáil in Oifig Shráid Mhuirfean, córais oibriúcháin TF na hOifige a chaighdeánú, agus feidhmiúcháin táirgiúlachta deisce, rolladh amach íos-sonraíocht RP deisce atá bunaithe ar

# 04 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 2

an bpróiseálaí Pentium IV, agus seirbheálaithe ard-inúsáideachta a sholáthar. Cuireadh nuaghréasán ardluais aitiúil i bhfeidhm, freisin. Uasghrádaíodh leis na teicneolaíochtaí reatha roinnt de na seanmhíreanna bonneagair eile. Ar na tionscnaimh eile a glacadh ar láimh agus a críochnaíodh, tá gnéithe teicniúla den seomra nua atá tiomnaithe don traenáil.

### Feidhmiúcháin Gnó

Mhol an Plean TF go nglacfaí ar láimh seacht dtionscadal feidhmiúcháin gnó d'fhonn córais a sholáthar a thacóidh le croíréimsí na bhfeidhmeanna Oifige agus le riachtanais na bainistíochta faisnéise. Folaíonn sé seo córas nua bainistíochta cás agus taifead, córas a thacóidh le ríomh-chumasú phróiseas na reachtaíochta (r-sheirbhísí reachtaíochta), bainistiú eolais, bainistiú airgid agus bainistiú daonacmhainní. Tarraingeofar eilimintí cuí de na córais seo le chéile a thuilleadh, d'fhonn Creat um Bainistiú Faisnéise a sholáthar a chuirfidh an t-eolas cuí ar fáil do bhainistíocht na hOifige chun na héilimh uirthi agus na hacmhainní atá aici a bhainistiú ar dhóigh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla sna blianta atá romhainn.

Rinneadh dul chun cinn mór ar roinnt de na tionscadail seo. Bunaíodh Foirne Tionscadail chun na tionscadail a bhaineann leis an gcóras nua bainistíochta cás agus taifead, an córas r-sheirbhísí Reachtaíochta agus forbairt na straitéise um bainistiú faisnéise don Oifig a chur i bhfeidhm.

### Creat um Bainistiú Faisnéise

In Iúl, 2002, sholáthraigh na comhairleoirí Deloitte & Touche Tuairisc Céim 1 faoi riachtanais nuachórais bainistíochta airgeadais a thacódh leis an gCreat um Bainistiú Faisnéise (CBF), atá i bhfeidhm cheana ar fud na státseirbhíse. I rith 2002, thosaigh Céim 2 den tionscadal, maidir le cinneadh faoi na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh córais bainistíochta airgeadais.

Ag deireadh 2002, bunaíodh bord tionscadail faoi chathaoirleacht Phríomh-Aturnae an Stáit chun riachtanais airgeadais agus neamh-airgeadais an dá Oifig a scrúdú i leith tionscnaimh an CBF. Cruthóidh an bord

## Príomhchuspóir 2

tionscadail seo straitéis CBF don dá Oifig, lena n-áirítear forbairt na dtáscairí éifeachtacha feidhmíochta is cuí. Ina theanntasan, freastlaíonn ionadaithe ó Oifig Shráid Mhuirfean agus ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ar chruinnithe lárchoistí éagsúla a dhéanann maoirsiú ar fheidhmiú an CBF.

Faoi Nollaig 2002, caitheadh €37,000 in iomlán ar an tionscadal, agus is é iomlán na gcostas measta lena chríochnú i 2004 ná thart ar €1.3m.

### Coiste Iniúchóireachta agus Iniúchadh Inmheánach

In Iúl, 2001, cheap Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i gcomhar le chéile Iniúchóir Inmheánach chun scrúdú, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar fhiúntas na gcóras rialaithe inmheánach sna hOifigí. I Márta, 2002, bhunaigh an Oifig Coiste Iniúchóireachta. Duine seachtrach neamhspleách, atá ina Iar-Uachtarán d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte atá ina chathaoirleach air. Ó Shamhain, 2002 i leith, bhí dhá bhall sheachtrach eile ar an gcoiste, duine acu ina státseirbhíseach sinsearach as Roinn eile agus bhí an duine eile tráth ina Chomhpháirtí Iniúchóireachta i gcomhlacht cuntasóirí cairte a bhfuil iomrá orthu. Ina dteanntasan bhí ionadaí dlí sinsearach ón dá Oifig.

Chuir an Coiste tús lena chuid oibre trí chairt fhoirmeálta a tharraingt chucu féin. Leanfaidh sé leis ag forbairt róil agus cláir oibre an iniúchóra inmheánaigh agus tabharfaidh sé treoir agus tacaíocht chun córais Bainistíochta Riosca a fhorbairt sna hOifigí sna trí bliana atá romhainn. I gcomhar leis an iniúchóir inmheánach, féachfaidh an Coiste le measúnú neamhspleách a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha na nOifigí, lena chinntiú go mbaintear úsáid eacnamaíoch éifeachtach as acmhainní, go comhlíontar polasaithe, gnáthaimh, dlíthe, agus rialuithe seanbhunaithe, go gcosnaítear sócmhainní agus leasa ar chaillteanais de gach sórt, lena n-áirítear cinn a éiríonn as calaois, neamhrialtacht nó éilliú, agus a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a choinnítear sna hOifigí iomlán iontaofa. Clúdaíonn Cairt an Choiste Iniúchóireachta, agus obair agus

# 04 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 2

feidhmeanna an iniúchóra inmheánaigh, An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, freisin.

Le linn 2002 chríochnaigh an Iniúchóir Inmheánach na Tuairiscí seo a leanas:

> An tInneall Frainceála in Oifig Shráid Mhuirfean

> Úsáid na nguthán póca in Oifig Shráid Mhuirfean, OPAS agus sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí

> Foréileamh agus eisiúint seiceanna i Rannóg Costchuntais OPAS

> Foréileamh agus eisiúint seiceanna in Oifig Shráid Mhuirfean agus OPAS

> Deimhnithe Imréitigh Cánach agus Nósanna Imeachta um Cháin Shiarchoinneálach in Oifig Shráid Mhuirfean, OPAS agus sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí

> Clár na Sóchmhainní in Oifig Shráid Mhuirfean, OPAS agus sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí

> An Párolla in Oifig Shráid Mhuirfean agus in OPAS.

### An Próiseas Pleanála Gnó

Ag deireadh Márta, 2003, bhí na pleananna gnó a ullmhaíodh i 2000 chun díriú ar na príomhchuspóirí agus straitéisí a leagadh amach sa *Ráiteas Straitéise 1999 – 2002*, imithe as feidhm. I Nollaig, 2002, thosaigh an próiseas chun pleananna gnó nua a ullmhú do gach Aonad san Oifig, bunaithe ar nua-*Ráiteas Straitéise na hOifige 2003 – 2005*. Mar chuid den phróiseas seo fuarthas inchur ó gach ball foirne i ngach Aonad Gnó.

### Treoirleabhar um Sheirbhís don Chliant

D'fhoilsigh an Oifig a chéad Treoirleabhar um Sheirbhís don Chliant i Meitheamh, 2002. Cuireann an Treoirleabhar roimhe cultúr bunaithe ar Sheirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir a neadú san Oifig. Leagann sé amach bearta sainiúla chun caighdeán na seirbhísí a fheabhsú agus chun aiseolas luachmhar a fháil ó chliaint maidir le raon, cineál agus caighdeán na seirbhíse a fuair siad.

Le linn an leith dheiridh de 2002 ba í príomhaidhm na hOifige cur chuige córasach eagraithe a bhunú chun athbhreithniú a

04 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

# Príomhchuspóir 2

dhéanamh ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Oifig. Eagraíodh cruinnithe eatramhacha ar bhonn leanúnach agus rialta, de bhun na dtáscairí feidhmíochta ar phleananna gnó gach grúpa dlí sa dá Oifig agus de bhun táscairí feidhmíochta rannógacha na hOifige.

Scrúdaigh Coiste Comhairleach Bainistíochta na hOifige ar bhonn gníomhach an t-aiseolas a fuarthas ó chliaint ag na cruinnithe leo, d'fhonn comhairle a ghlacadh le hionadaithe foirne agus an fheidhmíocht a thomhas de réir na bpríomhtascairí feidhmíochta a leagadh amach sna pleananna gnó.

## Lámhleabhair Oifige



Le linn 2002, leanadh den obair chun Lámhleabhair Oifige ar leith a chríochnú d'Oifig Shráid Mhuirfean agus do OPAS.

# 05 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú Príomhchuspóir 3

**D'fhonn straitéis bainistíochta daonacmhainní a fhorbairt a thagann le cuspóirí ginearálta na hOifige, beidh an Oifig:**

> ag glacadh gach céim is gá chun foireann chuícháilithe a earcú agus na folúntais a laghdú oiread agus is féidir;

> ag féachaint le struchtúir gairme a cheapadh a mheallfaidh agus a choinneoidh foireann atá cáilithe mar is cóir;

> ag forbairt próiseas bainistíochta feidhmíochta, le miosúir oibiachtúla feidhmíochta a bheidh iontaofa, comhsheasmhach agus ábhartha, agus a bheidh ceaptha chun forbairt gach ball foirne a fheabhsú, lena n-áireofar:

- ag sainmhíniú na scileanna agus na n-inniúlachtaí a theastaíonn ó bhaill na hOifige dá gcuid oibre;
- ag soláthar gach traenáil riachtanach (lena n-áirítear traenáil le haghaidh cúraimí bainistíochta) ar bhonn pleanáilte, agus na n-acmhainní traenála is gá chun na scileanna agus na hinniúlachtaí seo a fhorbairt;
- ag athbhreithniú agus ag déanamh measúnaithe go leanúnach ar fheidhmiú na foirne agus an duine aonair;
- ag feidhmiú córais ardaithe céime atá oscailte agus soiléir;
- ag cruthú meicníochtaí aiseolais a ligfidh don Oifig monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i leith aimsiú na gcuspóirí..

### Earcaíocht in Oifig Shráid Mhuirfean

Ag deireadh 2002, bhí 127 post ceadaithe don Oifig agus foireann reatha de 122.5 duine inti. Bhí buanphoist ag 108.5 duine acu seo, 14 acu ar bhonn conartha, agus bhí 9.5 phost in iomlán gan líonadh, 4.5 acu buan agus 5 cinn ar bhonn conartha.

Le linn 2002, eagraíodh ceithre chomórtas inmheánacha san Oifig. Bhí agallaimh ann le haghaidh Abhcóide Parlaiminte Cúnta Gníomhach, Grád II, in Eanáir, 2002. I mBealtaine 2002, bhí comórtas ann chun post mar Oifigeach Fios Gnó ar chonradh a cheapadh agus líonadh an post seo in Iúl, 2002. I Meitheamh, 2002, líonadh post mar

# 05 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3

Rúnaí Príobháideach don Ard-Aighne, tar éis don iarshealbhóir ardú céime a fháil, agus i Nollaig 2002, bhí agallaimh ann chun post mar Oifigeach Foirne san Aonad Seirbhíse a líonadh.

Ar thaobh na n-abhcóidí comhairleacha den Oifig, ceadaíodh tríocha post. Tháinig beirt abhcóide comhairleacha isteach san Oifig i 2002 tar éis do dhuine de na habhcóidí comhairleacha éirí as chun dul ag obair thar lear, agus bhí folúntas eile ann cheana féin.

Ar thaobh na n-abhcóidí parlaiminte den Oifig, ceadaíodh post is fiche, a raibh trí cinn acu folamh ag deireadh 2002. Ag tús 2002, bhí ceathrar dréachtóirí comhairleacha ag obair san Oifig ar bhonn conartha, ach bhí geallúint tugtha ag duine acu dul ag obair thar lear ina dhiaidh sin.

Ar thaobh riaracháin na hOifige bhí 63 phost ceadaithe agus 1.5 acu folamh. Bhí folúntas ann do Chláraitheoir Ríomhaireachta san Aonad TF agus ceann eile d'Oifigeach Cléireachais – Clóscríobhaí. Líonadh iad araon ina dhiaidh sin.

Bhí cúig poist déag eile san Oifig. Seachas foireann phearsanta an Ard-Aighne, an teileafónaí agus clóscríobhaí a bhí ar chonradh, bhain na poist seo le taighdeoirí dlí agus le hoifigeach fios gnó ar chonradh. Ina theanntasan, soláthraíonn an Roinn Airgeadais Triúr Oifigeach Seirbhíse, a ndéanann an tArd-Aighne socrú airgid leis an Roinn sin ina leith gach bliain.

Maidir le daoine faoi mhíchumais, chuir an Oifig in iúl do Choimisiúin na Státseirbhíse go bhfuil áiseanna oiriúnacha ar fáil dóibh san Oifig agus go bhfuil siad toilteanach daoine faoi mhíchumais a fhostú. Tá an leibhéal tite, áfach, ó 2.5 faoin gcéad go 1 faoin gcéad, toisc gur fhág ball foirne amháin an Oifig ag deireadh 2001. Tá an claonadh seo athraithe ó shin. Cuireadh áiseanna ar fáil do chathaoireacha rotha san Oifig i 1998 agus feabhsaíodh na háiseanna uile le linn athchóirithe ina dhiaidh sin.

Den 54 duine foirne ag, nó os cionn léibhéal an Phríomh-Oifigigh Chúnta, ba mhná 43 faoin gcéad acu, agus fir 57 faoin gcéad.

05


# An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3

### OIFIG SHRÁID MHUIRIFEAN: FOIREANN UILE

### BA É SEO A LEANAS AN COMHDHÉANAMH INSCNE DO GACH GRÁD AG DEIREADH NOLLAG 2002

| | GRÁD | BAINEANN | | FIREANN | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Líon | (%) | Líon | (%) |
| A | Stiúrthóir Ginearálta | 1 | (100) | 0 | (0) |
| B | Príomh-Abhcóide Parlaiminte | 0 | (0) | 1 | (100) |
| C | Leas-Ardstiúrthóir | 0 | (0) | 1 | (100) |
| D | Leibhéal Rúnaí Chúnta | 4 | (44) | 5 | (56) |
| E | Leibhéal Rúnaí Chúnta | 10 | (48) | 11 | (52) |
| F | Leibhéal Príomh Oifigigh | 8 | (38) | 13 | (62) |
| G | Leibhéal Leas-Príomhoifigigh | 3 | (43) | 4 | (57) |
| H | Leibhéal Oifigigh Riaracháin | 4 | (57) | 3 | (43) |
| I | Leibhéal Oifigigh Foirne | 2 | (67) | 1 | (33) |
| J | Leibhéal Oifigigh Cléireachais | 32.5 | (97) | 1 | (3) |
| | GRÁID THEICNIÚLA | | | | |
| K | Leabharlannaí Dlí | 1 | (100) | 0 | (0) |
| L | Leabharlannaí Taighde | 1 | (100) | 0 | (0) |
| M | Leabharlannaí Córais | 1 | (100) | 0 | (0) |




# 05 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3

Maidir le hearcaíocht, is iad seo a leanas na sonraí a bhaineann le comhdhéanamh na nua-iontrálaithe i 2002, de réir inscne agus gráid.

### NUA-IONTRÁLAITHE: COMHDHÉANAMH 2002

| | GRÁD | BAINEANN | | FIREANN | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Líon | (%) | Líon | (%) |
| A | Leibhéal Príomh-Oifigigh Chúnta | 1 | (25) | 3 | (75) |
| B | Leibhéal Ard-Oifigigh Fheidhmiúcháin | 0 | (0) | 3 | (100) |
| C | Leibhéal Oifigigh Fheidhmiúcháin | 0 | (0) | 1 | (100) |
| D | Leibhéal Oifigigh Foirne | 0 | (0) | 1 | (100) |
| E | Leibhéal Oifigigh Cléireachais | 4 | (80) | 1 | (20) |
| | **GRÁID THEICNIÚLA** | | | | |
| F | Leabharlannaí Taighde | 1 | (100) | 0 | (0) |
| G | Leabharlannaí Córais | 1 | (100) | 0 | (0) |
| | **IOMLÁN** | **7** | **(44)** | **9** | **(56)** |



05

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3


### Earcaíocht in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Ag tús 2002, bhí foireann 190 duine san Oifig. Ag an bpointe sin, bhí an fhoireann a aistríodh chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh lonnaithe go fóill i dTeach Osmond agus, mar sin, ní fhéadfaí dul i mbun earcú na mbreisacmhainní foirne a bhí ceadaithe ag an Roinn Airgeadais i mBealtaine, 2001, toisc easpa cóiríochta. Réitíodh an deacracht seo go luath sa bhliain agus faoi dheireadh Nollag, 2002 bhí an líon foirne méadaithe go 213 duine, le 24 fholúntas fós gan líonadh.

Bhí dea-thoradh ar an earcaíocht le linn 2002 toisc na bhfeabhsuithe ginearálta a tugadh isteach sna struchtúir gairme agus scálaí pá don

### EARCAÍOCHT 2002

| | LÍON EARCAITHE | | BAINEANN | | FIREANN | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2002 | (2001) | 2002 | (2001) | 2002 | (2001) |
| A Aturnaetha | 23 | (30) | 10 | (10) | 13 | (20) |
| B Oifigh Feidhmiúcháin Dlí | 3 | (10) | 0 | (6) | 3 | (4) |
| C Oifigh. Cléir./Riarach | 29 | (27) | 5 | (7) | 24 | (20) |
| IOMLÁN | **55** | (67) | **15** | (23) | **40** | (44) |




Nóta: Léiríonn figiúirí 2001 gur earcaíodh an bhreis foirne a ceadaíodh roimh bhunú Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. D'aistrigh roinnt daoine a earcaíodh go dtí an Oifig sin, nuair a bunaíodh go foirmeálta í i Nollaig, 2001.

05

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3


fhoireann ghairmiúil agus theicniúil. Cé nach raibh líon na bhfolúntas gairmiúil iontach ard le linn na bliana, bhí leibhéal na bhfolúntas sna gráid theicniúla dlí go hard i gcónaí, toisc gur dheacair iarratasóirí oiriúnacha a fháil. Bhí srianta ann, freisin, toisc easpa fairsinge sa chóiríocht oifige a bhí ar fáil.

Tugann an tábla thíos na staitisticí earcaíochta do 2002.

### EISGHABHÁLACHA 2002

| GRÚPA FOIRNE PUBLIC SERVICE | GLUAISEACHTAÍ LAISTIGH DEN SEIRBHÍS PHOIBLÍ | | AR SCOR | | ÉIRITHE AS | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2002 | (2001) | 2002 | (2001) | 2002 | (2001) |
| A Aturnaetha | 5 | (3) | 1 | (0) | 7 | (5) |
| B Oifigigh Teicniúil Dlí | 2 | (1) | 0 | (0) | 1 | (3) |
| C Oifigh. Cléir./Riarach | 4 | (6) | 0 | (1) | 7 | (6) |
| **IOMLÁN** | **11** | (10) | **1** | (1) | **15** | (14) |






Nóta: Ní fholaíonn na figiúrí do 2001 an fhoireann a bhí ag obair sna Rannóga Dlí agus a d'aistrigh chuig Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

# 05 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3

### An tAonad Daonacmhainní in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Tá an tOifigeach Daonacmhainní a ceapadh i mí Iúil, de thoradh comórtais a d'eagraigh Coimisiún na Státseirbhíse don státseirbhís ar fad, i mbun na rannóige anois. Chomh maith le bheith freagrach as na feidhmeanna pearsanra traidisiúnta tá dualgas ar an rannóg, freisin, straitéis fhorásach agus cleachtais fhorásacha daonacmhainní a fhorbairt san Oifig. Tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar chleachtais agus ar ghnáthaimh reatha, ullmhaíodh pléphāipéir faoi chúrsaí promhaidh, incrimintí, agus uaireanta oibre solúbtha don fhoireann ghairmiúil agus theicniúil. Cuireadh traenáil ar fáil don fhoireann DA sna sárchleachtais reatha, mar chéim tosaíochta.

I 2002 bhí an rannóg páirteach in aistriú foirne chuig an bPríomh-Rannóg Ionchúisimh in Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí. Tar éis comórtas a d'eagraigh Choimisiún na Státseirbhíse le déanaí bhí na rannóg páirteach i socrúchán na bhfoirne gairmiúla, teicniúla agus tacaíochta.

### An Coiste Comhpháirtíochta in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Bhí bliain rathúil eile ag an gComhpháirtíocht. Bhíodh cruinnithe ann, de ghnáth, uair sa mhí. Cruthaíodh struchtúr láidir fo-ghrúpaí mar chuid den phróiseas. Rinneadh athbhreithniú ar an gcomhphairtíocht i Nollaig, 2002, agus aithníodh na sainceisteanna a bhí le plé do 2003. Mar thoradh ar seo, tá atheagrú á dhéanamh ar na fo-ghrúpaí.

### Traenáil agus Forbairt in Oifig Shráid Mhuirfean

Leanadh ag forbairt cur chuige níos foirmeálta agus níos gairmiúla maidir le Traenáil agus Forbairt san Oifig i 2002.

Mar thaca leis seo, cuireadh an méid seo a leanas i bhfeidhm:

- Córas Taifead don Traenáil Ríomhchuidithe
- Gnáthaimh fhoirmealta Ionduchtúcháin do bhaill foirne nua
- Coiste Traenála agus Forbartha (Fo-Ghrúpa den Choiste Comhpháirtíochta)

# 05 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3

- Plean Traenála Foirmeálta do gach Abhcóide Parlaiminte nua
- Gnáthaimh measúnaithe do na himeachtaí traenála agus forbartha uile a bhíonn ar siúl
- Seomra Traenála speisialta
- Grúpa Oibre de Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta Daonna (CECD).

Mar a rianaíodh i gCaibidil 2, tá an Córas um Bainistiú agus Forbairt Feidhmíochta (CBFF) á neadú san Oifig i gcónaí. D'fhreastail an fhoireann uile ar an lá traenála deiridh in Earrach, 2002.

Nuair a bhíonn riachtanais traenála agus fobartha na foirne á sainaithint, déantar gach iarracht chun iad a nascadh le cuspóirí na hOifige. Sainaithnítear na riachtanais thraenála ó roinn traenála agus forbartha na bhfoirmeacha rólphróifíle agus, freisin, ó na hiarratais a chuirtear chuig an Oifigeach Traenála.

Tagann an Coiste Traenála agus Forbartha le chéile go coicísiúil agus is fo-ghrúpa é den Choiste Comhpháirtíochta. Is é an ról atá aige ná treoir agus tacaíocht a thabhairt don Oifigeach Traenála agus Forbartha chun riachtanais traenála agus forbartha gach ball foirne san Oifig a aithint agus soláthar a dhéanamh dóibh. Folaíonn obair an Choiste go nuige seo moltaí don Chomhpháirtíocht faoi ghnáthaimh ionduchtúcháin, aisíoc táillí maidir le traenáil do CTRE (Ceadúnas Tiomána Ríomhaire na hEorpa), traenáil dlí don fhoireann riaracháin agus eagrúchán chúrsaí dlí an AE.

Cuireann an fheidhm Traenála agus Forbartha le tiomantas na hOifige maidir le sársheirbhís don chliant a sheachadadh agus féachann sí le cabhair a thabhairt don Oifig chun an Treoir um Sheirbhís don Chliant a fheidhmiú. Spreagtar an fhoireann lena gcumas Gaeilge a fhorbairt, agus coinnítear ar an eolas iad faoi thionscnaimh traenála Gaeilge na státseirbhíse. Folaíonn an doiciméadú ionduchtúcháin agus Lá Ionduchtúcháin na hOifige, anois, mír faoi sheirbhís don Chliant, agus tá soláthar traenála, dírithe ar sheirbhís don chliant, ar fáil i gclár ginearálta traenála na hOifige.

I rith na bliana, reáchtáladh go leor imeachtaí ginearálta a thacaíonn le traenáil agus forbairt.

# 05 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3

Eagraíodh turas faoi threoir d'fhoireann an Abhcóide Parlaiminte chuig Oifig na mBillí agus turais ar Thithe an Oireachtais don fhoireann ar fad. Bhí freastal maith foirne ar an dá ócáid.

I rith na bliana, freisin, cuireadh ríomhairí pearsanta nua isteach san Oifig agus uasghrádaíodh Word 97 go Word XP, dá réir. D'fhonn cabhrú leis an athrú, eagraíodh seimineáir faoin malartú go Word Xp le haghaidh gach ball foirne san Oifig.

Chuir an seomra traenála, a críochnaíodh faoi dheireadh 2002, roghanna breise ar fáil le haghaidh thraenáil na foirne. Úsáidtear an seomra le haghaidh seimineár traenála intí, seisiún faisnéise agus léirithe. Tá sé feistithe le ocht ríomhaire pearsanta a chumasaíonn an traenáil RP-bhunaithe. Meastar go gcoimeádfaidh seo na costais ag íosleibhéal agus go dtabharfaidh sé breis solúbthachta don traenáil.

### Comhoibriú idir an dá Oifig

Tuigtear go mbeidh forluí áirithe ann i gcás riachtanais traenála na foirne in Oifig Shráid Mhuirfean agus OPAS araon. Ó tá Oifigeach Traenála ceaptha i ngach ceann den dá Oifig, tá an deis ann anois le naisc níos dlúithe a chothú, eolas a roinnt agus ócáidí traenála a eagrú. I 2002, d'eagraigh Oifig Shráid Mhuirfean agus OPAS, i gcomhar le chéile, cúrsa Bainistíochta Tionscadail ar fhreastail baill foirne ón dá Oifig air.

Tá an dá Oifig ag obair le chéile ar thionscnamh i réimse na gCearta Daonna. Mar fhreagra ar éileamh ar bhreisoideachas i dtaobh Chearta Daonna, bunaíodh grúpa oibre CECD i 2002. Tá ballraíocht an ghrúpa comhdhéanta de bhaill foirne as Oifig Shráid Mhuirfean agus OPAS araon. Bíonn cruinnithe rialta acu agus tá clár léachtaí ar shaincheisteanna Cearta Daonna curtha i bhfeidhm anois. Tugadh cuireadh chun freastal ar na léachtaí seo, freisin, do bhaill foirne ábhartha i Ranna/Oifigí éagsúla eile ar fud na Státseirbhíse.

# 05 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3

### Caiteachas

I 2002, caitheadh thart ar €289,000 in iomlán ar Thraenáil agus Fhorbairt, i gcomparáid le €201,000 i 2001. Folaíonn na figiúirí seo na costais mheasta Taistil agus Cothabhála a íocadh i dtaca le freastal ar na cúrsaí seo.

### COSTAS THRAENÁIL

| | € |
|---|---|
| Táillí Seimineáir, Comhdhála agus Cúrsaí Traenála | 169,886 |
| Aisíoc Táillí | 6,895 |
| Costas comhairleoirí agus traenálaithe seachtracha | 58,353 |
| Traenáil sa TF | 27,813 |
| Tuarastail agus forchostais traenálaithe | 24,814 |
| Costas Riaracháin a bhaineann le Fomhír A3 | NEAMHNÍ |
| Costas Cúrsaí ar fhreastail Traenálaithe orthu | 1,535 |
| **IOMLÁN** | **289,297** |



### FREASTAL NA FOIRNE AR SHEIMINEÁIR / CHOMHDHÁLACHA

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na gComhdhálacha | 49 | Líon Foirne i Láthair | 60 |

### AISÍOC TÁILLÍ TUGTHA 2002

| | |
|---|---|
| CTRE | 3 |
| Staidéar Tríú Leibhéil | 2 |

# 05 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3

Tá sonraí imeachtaí don traenáil fhoirmeálta leagtha amach sa tábla seo thíos

| TRAENÁIL | LÍON CÚRSAÍ | LÍON FOIRNE |
|---|---|---|
| SBFF | 3 | 88 |
| Cúrsaí Ginearálta Ríomhaireachta | 30 | 80 |
| Cúrsa Ionduchtúcháin | 2 | 21 |
| Scríbhneoireacht Gnó & Glacadh Miontuairiscí | 4 | 25 |
| Bainistiú Tionscadail | 1 | 12 |
| Sláinte & Sábháilteacht | 3 | 18 |
| Cúrsaí Teicniúla na TF | 4 | 5 |
| Cúrsa Anailíse na gCóras na TF | 2 | 2 |
| Bainistiú Faisnéise | 5 | 5 |
| Scileanna Foghlama & Traenála | 4 | 19 |
| Traenáil Teanga | 9 | 9 |
| Cúrsa Dlí an AE | 2 | 10 |
| Fadchúrsaí Staidéir Réamhíoctha | 9 | 9 |

### Traenáil agus Forbairt in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Chuir an Ráiteas Stáitéise béim mhór ar gach gné de thraenáil agus d'fhorbairt na foirne. Ba léir go raibh cur chuige níos struchtúrtha de dhíth sna réimsí seo agus, dá thoradh sin, cheap an Oifig a céad Oifigeach Traenála agus Forbartha i Lúnasa, 2002. Rinneadh Anailís chuimsitheach ar Riachtanais Traenála láithreach, d'fhonn na riachtanais traenála a ba shainiúla a aithint agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an eolais, na scileanna agus na saintréithe a bheadh de dhíth ar an bhfoireann chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do na cliaint. Cuireadh tús le hullmhúcháin le haghaidh Plean Traenála bliantúil agus bróisiúir eolais faoi Thraenáil agus Fhorbairt, agus chuathas i mbun bhailiú an eolais le haghaidh bunachair sonraí faoi chúrsaí agus faoi thacaí eile.

# 05 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3

Tá sé i gceist, freisin, go mbunófar Coiste Traenála & Forbartha, ar a mbeidh ionadaithe ó gach cearn den Oifig, chun comhairle agus cabhair a sholáthar don Oifigeach Traenála & Forbartha, lena n-áirítear polasaí Oifige a chumadh le haghaidh traenála agus forbartha. Leis an mbéim nua seo ar thraenáil agus fhorbairt, meastar go mbeidh sainmhíniú níos cruinne le fáil ar na riachtanais, sa dóigh gur féidir díriú orthusan ar shlí níos comhordaithe agus níos soiléire feasta, le tagairt chuí ábhartha d'obair na hOifige agus do shlite beatha na foirne freisin.

Tá na staitisticí traenála leagtha amach sa tábla thíos. I rith na bliana, díríodh an ghníomhaíocht ar an traenáil a bhí ag teastáil chun Córas um Bainistiú agus Forbairt Feidhmíochta (CBFF) a fheidhmiú. Fostaíodh Institiúid Bainistíochta na hÉireann chun an traenáil riachtanach a sholáthar agus dá thoradh sin, críochnaíodh 3 mhodúil thar thréimhse 5 lá.

Seachas an 3 lá traenála sa CBFF le linn 2002, cuireadh raon fairsing traenála éagsúil ar fáil i réimsí mar Ionduchtúchán na bhfostaithe nua, traenáil bainistíochta i dtaobh ceisteanna Bulaíochta & Ciaptha, traenáil sa Teicneolaíocht Faisnéise agus freastal ar Chomhdhálacha agus ar Sheimineáir a bhí bainteach le himeachtaí gnó na nOifigí.

05 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

# Príomhchuspóir 3

## STATISTICÍ TRAENÁLA

| | FOIREANN CLÉIREACHAIS/ RIARACHÁIN | FOIREANN THEICNIÚIL | FOIREANN GHAIRMIÚIL | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|
| Microsoft Word* | 28 | 10 | 36 | 74 |
| Microsoft Excel* | 1 | | | 1 |
| Microsoft PowerPoint* | | 1 | 9 | 10 |
| Seirbheálaí do Microsoft Windows | 3 | | | 3 |
| Traenáil Clóscríbhneoireachta | 14 | 2 | 2 | 18 |
| Dearadh Gréasáin* | 4 | 3 | 3 | 10 |
| LBFE | 1 | | 4 | 5 |
| Bainistiú Daonacmhainní * | 2 | | | 2 |
| Bulaíocht & Ciapadh * | 4 | 1 | 3 | 8 |
| Traenáil Traenálaithe * | 2 | | | 2 |
| Traenáil Leabharlainne * | 8 | | 1 | 9 |
| Seimineáir CLE | | | 11 | 11 |
| Cúrsaí Dlí Choláiste na Tríonóide | | | 5 | 5 |
| Scileanna Agallaimh | | | | |
| CBFF | 87 | 31 | 92 | 210 |
| Ionduchtúchán | | | | |
| An Foras Riaracháin | 1 | | 1 | 2 |
| Comhdhálacha | | | 10 | 10 |
| Traenáil i Scileanna Agallaimh | 13 | 4 | 37 | 54 |

* Traenáil tugtha ó Lúnasa go Nollaig 2002

05

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 3

### Caiteachas agus Buiséad

Ba é €220,000 an caiteachas iomlán ar Thraenáil agus Fhorbairt i 2002, i gcomparáid le €235,000 i 2001.

### Scéim Printíseachta

Mar chuid den chomhaontú ceardchumainn/bainistíochta i 2001 tionscnaíodh scéim printíseachta. Is í aidhm na scéime ná go mbeadh an spreagadh agus an modh oibre ann do baill foirne teicniúla chun printíseachtaí a fháil agus chun freastal ar Chúrsaí Gairmiúla agus ar Ardchúrsaí Chumann Dlí na hÉireann. Mar chuid den scéim seo aisíocfar na táillí ar dtús, faoi ghnáthscéim na státseirbhíse maidir le cúrsaí ullmhúcháin le haghaidh scrúduithe iontrála do chúrsaí gairmiúla agus d'ardchúrsaí an Chumainn Dlí. Gabhann iarratasóirí trí phróiseas roghnúcháin sula mbronntar printíseachtaí orthu. Nuair a ghlactar leo, aisíoctar táillí an Chumainn Dlí, agus íoctar tuarastal le linn tréimhsí staidéir lánaimseartha. Tá dualgas ceangailteach ann fanacht leis an OPAS ar feadh cúig bliana.

I rith na bliana, chríochnaigh ball foirne amháin cúrsaí an Chumann Dlí agus cuireadh ar Rolla na nAturnaetha é go luath i 2003.

### Scéim Traenála mar Chléireach Dlí

Tá an scéim ann chun deiseanna a thabhairt do bhaill d'fhoireann cléireachais/riaracháin na hOifige, i ngráid Oifigigh Cléireachais, Oifigigh Foirne agus Oifigigh Feidhmiúcháin, cáilíochtaí foirmeálta a bhaint amach in ábhair dhlíthiúla, agus traenáil phraiticiúil a fháil in obair an chléirigh/fheidhmeannaigh dlí. Aontaíodh dréachtscéim leis an gceardchumann i mí na Nollag agus lorgaíodh iarratais chun páirt a ghlacadh inti go luath i 2003. Chun go nglacfaí ball foirne le haghaidh traenála, chaitheadh sé/sí a bheith tar éis staidéir dlí a dhéanamh in ITBÁC nó i gcomhlacht coibhéiseach. Tá siadsan a chríochnaíonn an traenáil go rathúil i dteideal cur isteach ar phoist mar Fheidhmeannaigh Dlí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, a fhógróidh Coimisiún na Státseirbhíse ó am go chéile; nó is féidir leo cur isteach ar chomórtais

# Príomhchuspóir 3

do phoist conartha in oifigí ina bhfuil folúntais a bhfuiltear ag brath iad a líonadh.

### Pleananna Nua um Bainistiú Daonacmhainní

Thosaigh Oifig Shráid Mhuirfean agus OPAS araon ag dréachtadh Pleananna Straitéise a chuirfear faoi bhráid scrúdú CCB agus Choistí Comhpháirtíochta na nOifigí ar leith.

### Oideachas Leanúnach

Tugtar gach deis don fhoireann in Oifig Shráid Mhuirfean agus in OPAS breisoideachas a bhaint amach. Aisíoctar táillí i gcás na gcúrsaí oideachais ábhartha a ndéantar freastal orthu, agus tá leathnú á dhéanamh ar an gcatalóg d'ábhair féinoiliúna ar nós fístéipeanna agus bogábhair ríomhbhunaithe atá san Oifig. Moltar breistraenáil dlí, freisin, do na baill foirne is nua agus, i rith na bliana, d'fhreastail deichniúr den fhoireann dlí ar chursaí Dlí an AE in Acadamh Dlí na hEorpa i Trier agus i Kings College, Londain.

# 06 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 4

**Lena chinntiú go bhfuil teacht ag an bhfoireann ar an eolas atá riachtanach dóibh, trí fhorbairt leanúnach ar na seirbhísí leabharlainne, na córais bainistíochta faisnéise agus eolais, agus ar an mbreisoideachas is cuí, beidh an Oifig:**

> ag leanúint le forbairt na seirbhísí comhtháite leabharlainne, fios gnó agus faisnéise ar fud na hOifige, lena n-áirítear:

- ag cur seirbhís leabharlainne dlí agus faisnéise d'ardchaighdeán ar fáil ar bhonn onnghníomhach, le béim ar sholáthar faisnéise ar dheisceanna;
- ag déanamh forbartha ar shuíomh Idirlín na hOifige mar phríomhfhoinse faisnéise;
- ag teacht i dtír ar fhios gnó na hOifige;
- ag scaipeadh na mbileog feasachta reatha;
- ag cur teicneolaíocht chuí faisnéise ar fáil mar thaca do na seirbhísí leabharlainne, fios gnó agus faisnéise, agus ag scaipeadh eolais ar fud na hOifige go ginearálta;

> ag leanúint le cothú agus forbairt an chultúir san Oifig uile a chothóidh comhroinnt eolais agus taithí, lena n-áirítear, an méid seo a leanas:

- ag eagrú cruinnithe rialta chun ceisteanna dlí a bhfuil spéis choitianta iontu a phlé;
- ag cothú cumarsáide agus comhoibrithe rialta le sainghrúpaí agus sainrannóga;
- ag forbairt bunachair fios gnó;
- bileoga feasachta reatha;
- seimineáir intí;

> ag soláthar traenála agus tacaíochta lena chinntiú go mbeidh ar chumas gach ball foirne lánúsáid a bhaint as córais faisnéise na hOifige;

> ag cinntiú go bhfuil deis ag an bhfoireann uile leas a bhaint as traenáil agus as oideachas leanúnach dlí agus cúrsaí ábhartha eile;

> ag forbairt na gcóras teicneolaíochta faisnéise a thacaíonn leis na cuspóirí seo.

# 06 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

# Príomhchuspóir 4

## AN DUL CHUN CINN A RINNEADH

**Leabharlann agus Aonad Fios Gnó Shráid Mhuirfean agus Leabharlann Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit**

### Réamhrá

Le linn 2002, lean Leabharlann agus Aonad Fios Gnó an Ard-Aighne agus Leabharlann OPAS ag soláthar áiseanna taighde agus seirbhísí faisnéise leabharlainne dlí d'ardchaighdeán.

Ba iad an tArd-Aighne, an tAbhcóide Comhairleach, Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais, an tAonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil agus an fhoireann riaracháin na cliaint phríomhúla a bhí ag Leabharlann agus Aonad Fios Gnó an Ard-Aighne. I measc a gcliant tánaisteach bhí comhairleoirí dlí rannacha agus státseirbhísigh eile. Ar fhoireann Leabharlann agus Aonad Fios Gnó OAA, tá Bainisteoir Faisnéise, Leabharlannaí Córais, Leabharlannaí Taighde, Oifigeach Fios Gnó, beirt Thaighdeoirí Dlí agus Cuntóir Leabharlainne.

Ar na príomhchliaint a bhí ag Leabharlann OPAS bhí Príomh-Aturnae an Stáit, aturnaetha, agus an fhoireann theicniúil dlí agus riaracháin in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, atá lonnaithe i dTeach Osmond, Sráid Fhearchair (Biúró na Sócmhainní Coiriúla) agus i Sráid Freidric Theas (Rannóg Bodhaire an Airm). Cuireadh seirbhísí leabharlainne ar fáil, freisin, do na haturnaetha a sannadh do na Binsí Fiosrúcháin éagsúla. I measc na gcliant tánaisteach bhí aturnaetha stáit áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus státseirbhísigh eile. Leabharlannaí Dlí, Leabharlannaí Cúnta agus Cuntóir Leabharlainne atá mar fhoireann i Leabharlann OPAS.

Chuir leabharlanna OAA/OPAS na seirbhísí seo a leanas ar fáil dá n-úsáideoirí i 2002:

- Web cat, catalóg leabharlainne ar líne
- bunachar sonraí maidir le fios gnó dlí (OAA amháin)
- seirbhísí faisnéise/taighde dlí
- traenáil ar bhunachair sonraí dlíeolais
- seirbhísí feasachta reatha
- rochtain ar raon leathan d'ábhair dlí intí

# 06 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 4

- rochtain ar leabharlanna agus ar sheirbhísí eolais seachtracha
- iasachtaí agus seirbhís iasachta idirleabharlainne
- seirbhís seachadta doiciméad.

### PRÍOMHFHORBAIRTÍ AGUS TIONSCNAIMH NUA I 2002

#### Earcú Foirne

Le linn 2002, rinneadh forbairt thábhachtach sa dá leabharlann trí leabharlannaithe breise a earcú le cáilíochtaí gairmiúla agus taithí. Ina theanntasan, d'earcaigh leabharlann OAA céimí dlí le taithí ar fhios gnó an dlí mar Oifigeach Feasa Gnó ar chonradh.

Nuair a hearcaíodh Leabharlannaí Cúnta in OPAS, agus Leabharlannaí Córais agus Leabharlannaí Taighde in OAA, éascaíodh an fhorbairt ar chóras bainistíochta il-leabharlainne, tosaíodh mórthionscadail chun clárú síorgabhálach a dhéanamh, agus feabhsaíodh seachadadh na seirbhísí faisnéise/taighde dlí agus traenála don fhoireann.

Chuir na forbairtí seo ar chumas Leabharlannaí Dlí OPAS agus Bainisteoir Faisnéise OAA an tionscadal um bainistiú faisnéise a threorú.

#### Forbairt ghairmiúil na foirne leabharlainne

Thug baill d'fhoireann na leabharlann ionduchtúchán agus traenáil struchtúrtha do na baill foirne nua, agus is baill éifeachtacha dá bhfoirne éagsúla iadsan anois. Bhain gach ball d'fhoireann na leabharlann leas as deiseanna traenála a bhain lena a réimsí oibre féin. D'fhreastail foireann leabharlainne OAA ar chruinnithe intí faoi Shaincheisteanna Dlí, rud a mhéadaigh a bhfeasacht ar an obair dlí reatha atá idir lámha ag an Oifig. Ina theanntasan, thosaigh Leabharlannaí Cúnta OPAS Dioplóma i Staidéir Dlí in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus d'fhreastail Cúntóir Leabharlainne APSO ar bhonnchúrsa i nDlíthíocht an Dlí Shibhialta a reáchtáladh, freisin, sa Scoil Dlí in ITBÁC.

# 06 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 4

### Ullmhú straitéise um bainistiú faisnéise

D'oibrigh Bainisteoir Faisnéise OAA agus Leabharlannaí Dlí APSO, maraon le foireann den lucht dlí, riaracháin agus TF ar straitéis chun bainistiú na faisnéise a fhorbairt san Oifig. Earcaíodh comhairleoir seachtrach le taithí ar bhainistiú faisnéise dlí le linn 2002, chun iniúchadh faisnéise a dhéanamh agus straitéis um bainistiú faisnéise a ullmhú. Bhí an tionscadal seo á dhéanamh i gcomhthéacs le plean TF na hOifige agus tá sé á thógáil ar bhonn na tuairisce a chuir bainisteoirí leabharlainne faoi bhráid Choiste Stiúrtha na TF i Márta, 2002. D'fholaigh an tuairisc seo forbhreathnú ar an sárchleachtas reatha maidir le bainistiú faisnéise i gcomhlachtaí dlí na hÉireann/an RA, forbhreathnú ar na seirbhísí cuí comhairleoireachta in Éirinn, agus moltaí maidir leis an gcur chuige straitéiseach a d'oirfeadh do bhainistiú faisnéise. Tiocfaidh an straitéis um bainistiú faisnéise ar na réitigh TF agus neamh-TF a thacódh le comhroinnt éifeachtach faisnéise ar fud na hOifige. Feidhmeofar an straitéis seo agus aon teicneolaíocht a éireoidh as le linn na dtrí bliana atá romhainn.

Tá an bunachar sonraí fios gnó in OAA ar cheann de thionscnaimh bainistíochta na hOifige. Is bunachar sonraí an-luachmhar é seo, a bhfuil d'aidhm aige comhairlí tábhachtacha inmheánacha, meamraim, tuairimí agus dlí-ábhair inmheánacha ábhartha eile a chur ar fáil go héasca don fhoireann ar fad. Chas an tOifigeach Fios Gnó leis an bhfoireann dlí go luath tar éis dó teacht chun na hOifige, lena cinntiú go mbeadh forbairt an bhunachair sonraí faoi fhios gnó ag teacht lena gcuid riachtanas feasta. Roghnaigh an tOifigeach Fios Gnó níos mó ná 500 doiciméad nua don mbunachar sonraí idir Iúl agus Nollaig 2002. Is ball tábhachtach d'Fhoireann an Tionscadail um Bainistiú Faisnéise é an tOifigeach Fios Gnó. Tabharfaidh an Straitéis um Bainistiú Faisnéise treoir le haghaidh fhorbairt na hacmhainne seo feasta.

### Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta Daonna (CECD)

Thacaigh an dá leabharlann le tionscnamh traenála CECD don Oifig uile le, mar

# 06 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 4

shampla, taighde domhain ar chúrsaí a bhaineann le CECD, bileog nua feasachta reatha a chur ar fáil go coicísiúil, acmhainní ábhartha faisnéise a aithint agus a fháil, agus treoir a thabhairt i dtaobh na n-acmhainní seo. Roghnaíodh agus soláthraíodh raon leathan de ríomhacmhainní faisnéise faoin CECD i bhfoirm struchtúrtha ar an inlíon agus ar an gclár fógraí. Chuir duine de Thaighdeoirí Dlí OAA, agus é ag súil le méadú dóchúil ar líon na bhfiosruithe faoi CECD, seisiún eolais faoi dhlí an CECD ar fáil d'fhoireann leabharlainne OAA agus OPAS.

### An Córas um Bainistiú Bailiúcháin Unicorn



Is é Bainistiú Bailiúcháin Unicorn an príomhfheidhmiúchán atá sa dá leabharlann. Roinntear an córas seo, freisin, le leabharlann an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí. Cuireann an Leabharlannaí Córais in OAA an riarachán córais ar fáil mar thaca don chóras il-leabharlainne seo. Cuireann Unicorn ar chumas na bhfoirne leabharlainne, úsáideoirí sa dá Oifig agus an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí na bailiúcháin sna trí leabharlann a chuardach in am amháin. Éascaíonn Unicorn, freisin, comhchatalógú na n-ábhar dlí d'fhoirne na leabharlann, sa tslí go laghdaítear an dúblú agus go mbíonn méadú ar éifeachtacht na hoibre. Le déanaí, rinne na leabharlanna an córas a uasghrádú leis an mbogábhar is déanaí ó Unicorn. Chuir an Leabharlannaí Córais agus SIRSI (soláthróirí Unicorn) traenáil Unicorn ar fáil do bhaill foirne nua agus reatha ar an mbogábhar nua.

Chuidigh earcú Leabharlannaí Córais (OAA) agus Leabharlannaí Cúnta (OPAS) le forbairt an chórais comhbhainistíochta leabharlainne. Beidh sé indéanta anois tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Unicorn lena cinntiú go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais fhoireann na leabharlanna agus a n-úsáideoirí.

Chabhraigh an Leabharlannaí Córais le feidhmiú Chóras Bainistíochta Leabharlainne Unicorn i Leabharlann Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, trí 5,000 taifead a chur ar fáil don Oifig sin lena thabhairt isteach sa chatalóg nua Unicorn atá acu. Ghlacadh sé tréimhse fhada catalógú a dhéanamh ar na

míreanna seo i Leabharlann Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí agus chosnódh sé a lán, agus bheadh dúblú i gceist ar an obair a rinneadh cheana i leabharlanna OAA/OPAS

## SEIRBHÍSÍ A CUIREADH AR FÁIL LE LINN 2002

### Seirbhísí taighde

Is iad an Leabharlannaí Taighde agus na Taighdeoirí Dlí in OAA agus an Leabharlannaí Cúnta in OPAS a chuireann faisnéis agus taighde dlí ar fáil. Déantar taighde ar ábhair maidir le dlí na hÉireann, dlí an AE agus an dlí idirnáisiúnta. Faightear ceisteanna faoi fhaisnéis/thaighde dlí ar bhonn laethúil agus is minic a bhíonn an taighde de dhíth, agus a chuirtear ar fáil í, laistigh d'achar gearr. Freagraíonn an fhoireann leabharlainne uile na ceisteanna práinneacha seo a bhaineann le taighde dlí.

Chomh maith le ceisteanna práinneacha taighde a fhreagairt, bíonn clár fadtéarmach ag Taighdeoirí Dlí OAA faoi ábhair taighde dlí a mbíonn páipéir dhiantaighde á n-ullmhú acu orthu. Tá na páipéir taighde seo ar fáil don fhoireann uile in OAA tríd an mbunachar sonraí Fios Gnó.

Cuireadh béim leanúnach ar sheachadadh deisce na n-uirlisí taighde dlí. Lean an dá leabharlann ag leathnú a mbailiúchán d'fhoinsí r-sheirbhísí dlí. Tá an chatalóg il-leabharlainne, roinnt CD-ROM dlí agus raon d'uirlisí taighde dlí eile ar fáil ar ríomhairí deisce na foirne dlí. In OAA, tá an fhoireann leabharlainne freagrach as bainistiú agus forbairt an ábhair faisnéise dlí atá ar inlíon na hoifige agus ar fáil ar gach ríomhaire deisce.

Baineann an fhoireann leabharlainne uile úsáid as raon leathan ábhar cruachóipe agus ríomhchuidithe faoin dlí, atá ar fáil laistigh chun taighde a dhéanamh agus ceisteanna faisnéise a fhreagairt. Ina theanntasan, tá teacht ag an bhfoireann leabharlainne ar raon leathan leabharlanna seachtracha agus ar sheirbhísí faisnéise in Éirinn agus sa RA lena n-áirítear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus an Institute of Advanced Legal Studies, i Londain.

06

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 4

### Seirbhísí Feasachta Reatha

Chuir an dá leabharlann treoracha ar fáil maidir le foinsí, irisí/tuairiscí dlí, foinsí eolais faoi CECD, etc, atá ríomhchuidithe. Chuir an dá leabharlann raon seirbhísí feasachta reatha ar fáil, freisin, chun an fhoireann dlí a choinneáil eolach ar fhoinsí nua eolais sna leabharlanna agus faoi fhorbairtí nua i ndlí na hÉireann, i ndlí an AE agus sa dlí idirnáisiúnta. Bhain na leabharlanna leas as modhanna éagsúla chun na seirbhísí seo a sheachadadh, lena n-áirítear r-phost, bileoga eolais cruachóipe, an inlíon agus an clár fógraí.

### Seirbhísí traenála

D'ullmhaigh agus d'fheidhmigh Leabharlannaí Taighde OAA clár foirmeálta traenála ar chúrsaí leabharlainne don tréimhse Deireadh Fómhair – Nollaig, 2002. D'fholaigh an clár seo traenáil ar na sainbhunachair sonraí dlí inmheánacha/seachtracha maraon le traenáil i scileanna faisnéise níos ginearálta. Chuir an Leabharlannaí Córais, an Leabharlannaí Taighde, Taighdeoirí Dlí agus an tOifigeach Fios Gnó na seisiúin traenála i láthair.

Chuimsigh na seisiúin traenála an t-eolas faoi CECD ar an inlíon, bunachair sonraí fios gnó agus innill cuardaigh don ghréasán. Rinneadh measúnú ar na seisiúin traenála seo agus bhí an t-aiseolas uathu an-dearfach.

Sholáthraigh Leabharlannaí Dlí OPAS, de réir mar ba ghá, deasc cúnaimh le haghaidh bunachar sonraí agus traenáil duine-le-duine i scileanna/bunachar sonraí na faisnéise. Chuir Leabharlann OPAS turais leabharlainne agus cainteanna ionduchtúcháin ar fáil do bhaill foirne nua.

# 07 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú Príomhchuspóir 5

**D'fhonn cur le héifeacht na seirbhíse poiblí trí spreagadh agus cúnamh a thabhairt chun seirbhísí dlí an Stáit a chomhordú, beidh an Oifig, i dteannta na mbearta a bhfuil tagairt dóibh i bPríomhchuspóirí 1-4:**

> ag tacú leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí ina phríomhról maidir le moltaí faoi athchóiriú an dlí a athbhreithniú, a scrúdú agus a fhoirmiú;

> ag tacú le hiarrachtaí chun comhairliúchán agus le caidreamh éifeachtach a chothú le hoifigí dlí agus le comhairleoirí dlí eile;

> ag cur go leanúnach le saothar na ngrúpaí idir-rannacha agus na ngrúpaí oibre agus saineolais eile;

> ag freastal go leanúnach ar Choiste Reachtaíochta an Rialtais agus ag cur oiread agus is féidir lena imeachtaí;

> ag scrúdú na féidearthachta maidir le naisc TF a fhorbairt ar fud na státseirbhíse, d'fhonn dréachtú na reachtaíochta a éascú;

> ag soláthar innéacsanna de reachtanna agus d'ionstraim reachtúla ar bhonn leanúnach;

> ag foilsiú reachtanna agus ionstraim reachtúla go leanúnach ar CD-ROM agus ar an Idirlíon;

> ag cur go leanúnach le cláir traenála na státseirbhíse, an Fhorais Riaracháin agus Choimisiún an AE;

> ag comhairliú na Buan-Ionadaíochta sa Bhruiséal ar bhonn leanúnach, tríd an Abhcóide Dlí.

## AN DUL CHUN CINN A RINNEADH

### An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Le déanaí, d'fhoilsigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a Thuarascáil Bhliantúil do 2002, ina léirítear an dul chun cinn a rinneadh ar an Dara Clár Oibre dá chuid a foilsíodh i 2001. Le linn 2002, sheol an Coimisiún ceithre Thuarascáil agus dhá Pháipéar Chomhairleacha. D'iarr an Ard-Aighne ar an gCoimisiún i 2002 scrúdú a dhéanamh ar na buntáistí féideartha a bhainfeadh le cúisitheoir cúirt ioncaim agus fioscaigh.

# 07 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 5

### Caidreamh Éifeachtach a Fhorbairt le hOifigí Dlí Eile

Tá Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ag tacú i gcónaí le hiarrachtaí chun comhairliúchán agus caidreamh éifeachtach oibre a chothú le hoifigí dlí agus le comhairleoirí dlí eile. San fhorbairt ar Acmhainn Ghásphháirc na Coiribe, fostaíodh saineolas speisialtachta dlí ó chomhlacht príobháideacht aturnaetha chun cuidiú leis an Oifig an Roinn i gceist a chomhairliú agus an doiciméadú ábhartha a dhréachtú. I gcás eile, bhí mórchaingean tráchtála ann a raibh gnéithe idirnáisiúnta ag baint leis, agus ba ghá comhlacht príobháideach eile aturnaetha a theagasc agus a áirithint lena aghaidh. Bhí cruinnithe rialta ag OPAS le dlíodóirí ón Oifig agus ón gcomhlacht agus bhí oifigigh na Roinne ábhartha i láthair freisin. I gcás eile a bhain le dlíthíocht sheach-chríche maidir le sárú cóipchirt an Stáit rinneadh comhlacht aturnaetha ón RA a theagasc agus a áirithint. Ina theanntasan, theagasc OPAS abhcóide speisialtachta ón gcoigríoch maidir le agóid na hÉireann in aghaidh iarratais phleanála i ndlínse eile.



### Tionscadail Thras-Rannacha

Bhí dlúthbhaint leanúnach ag Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit le tionscadail agus tionscnaimh trasrannacha ar raon leathan ábhar..

### Coistí Reachtaíochta an Rialtais

I rith 2002 ghlac OAP páirt leanúnach i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais, atá ina choiste comhordaithe faoi chathaoirleacht Phríomh-Aoire an Rialtais. Tá sé mar aidhm aige seo moltaí reachtaíochta a chur in ord tosaíochta agus forfheidhmiú Clár Reachtaíochta an Rialtais a éascú trí mheasúnú leanúnach nuashonraithe cruinn a chinntiú ar an dul chun cinn maidir le hullmhú reachtaíochta, le:–

- meastachtán de na dátaí dóchúla a gcuirfear téacsanna Billí chuig an Rialtas lena bhfaomhadh agus lena bhfoilsiú ina dhiaidh sin;
- tosaíochtaí dréachtaithe na mBillí a shannadh faoi réir na Comh-Aireachta, nuair atá cinn Bille (ie. treoracha na Roinne do dhréachtóir an Bhille) faofa ag an Rialtas;

# 07 An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 5

- dréacht-Phreaseisiúint a ullmhú agus a chomhaontú, le haghaidh cheadú Rialtais, faoi Chlár Reachtaíochta an Rialtais (a fhoilsítear 3 uair sa bhliain roimh thús gach Seisiúin Dála).

Déanann an Coiste maoirsiú ar gach Bille Rialtais atá á mholadh, ón am a chuirtear ar chlár reachtaíochta an Rialtais é go dtí deireadh a thurais trí Thithe an Oireachtais.

Chuir OAP doiciméad nua tuairiscithe ar fáil do Choiste Reachtaíochta an Rialtais i 2002. Tugann an doiciméad seo tuairisc ar dhréachtú na Rialachán nó na mBillí a chuirfidh Treoracha agus Cinntí Creata an AE i bhfeidhm.

### Reachtanna agus Ionstraim Reachtúla ar CD-ROM agus ar an Idirlíon

I rith 2002, chuir an Oifig críoch le tionscadal chun Leabhar Reachtaíochta na hÉireann a nuashonrú ar dlúthdhiosca (DD) agus ar an Idirlíon. Chuir an tionscadal bunaidh DD agus áis gréasáin ar fáil ar a bhfuil na hAchtanna, IS agus Táblaí Cróineolaíochta ó 1922 – 1998, i bhfoirm inchuardaithe. Rinne an tionscadal, a críochnaíodh le linn 2002, nuashonrú ag an DD agus ar an ngréasán le hábhar Achtanna, IS agus Táblaí Cróineolaíochta, suas go dtí 2001. Tá an DD nua ar fáil ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais i Sráid Theach Laighean ar chostas €35.

### Ábhair a Cuireadh le Cláir Traenála Sheachtracha

Bhí OPAS mar óstach ar sheimineáir do Ghobharnóirí agus Leas-Ghobharnóirí Príosúin faoi ullmhú cásanna díobhála phearsanta, agus faoi phrionsabail agus chleachtais an fhollasaithe mar chuid de Chlár Traenála Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Bhí OPAS mar óstach, freisin, ar shaotharlann maidir le Bainistiú Struchtúr Cosanta faoin Reachtaíocht Pleanála agus Forbartha. Eagraíodh an tsaotharlann seo do phearsanra ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ón Roinn Cosanta, go háirithe. Bhí an Oifig mar chomh-óstach, freisin, ar sheimineáir faoin Dlí Tíolactha i gcomhar le roinnt Ranna Rialtais.

Tá roinnt dréachtóirí rannpháirteach i gcónaí sna cláir traenála a d'eagraigh LFBE faoin

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh chun na Príomhchuspóirí a Aimsiú

## Príomhchuspóir 5

bPróiseas Reachtaíochta. Bíonn na hOifigigh i Ranna Rialtais atá ag ullmhú dréachtscéimeanna Billí le haghaidh cheadú an Rialtais ag freastal ar na cláir seo, de ghnáth. Tugann siad deis dóibh ról Choiste Reachtaíochta an Rialtais a mhíniú agus léiriú a thabhairt ar na riachtanais a bhaineann leis na treoracha a thug Ranna nuair a bhí siad ag iarraidh ar OAP Billí Rialtais a dhréachtú.

### r-Sheirbhísí Rialtais

Mar chuid dá tiomantas do thionscnamh na r-sheirbhísí Rialtais, bhí plé ag OAP agus ag an Aonad TF le roinnt páirtithe leasmhara (Tithe an Oireachtais, Roinn an Taoisigh, LFBE agus na grúpaí tionscadail BASIS agus OASIS) ina ndearnadh tagairt ar leith do phróiseas na reachtaíochta, agus d'fhostaigh sí comhairleoirí le linn 2002 chun tuairisc a ullmhú maidir le riachtanais na r-sheirbhísí Reachtaíochta. Táthar ag súil córas a fheidhmiú, i gcomhairle leis na comhlachtaí seo agus i gcomhar leis an gclár oibre do r-sheirbhísí Parlaiminte atá ag Tithe an Oireachtais, a thacóidh le próiseáil agus le bainistiú na dtéacsanna reachtaíochta agus na n-innéacsanna a ghabhann leo, le linn thimthriall na reachtaíochta. Chlúdódh seo an próiseas ó chéad-dréachtú na reachtaíochta tríd an díospóireacht Parlaiminte, go mbreithneofaí í a chur ar fáil don phobal i bhfoirm ríomhchuidithe inchuardaithe ar an idirlíon agus ar CD-ROM.

Ina theanntasan, tá ionadaíocht ag an OAP ar Ghrúpa Pháirtithe Leasmhara na mBainisteoirí Ábhair a bhunaigh LFBE i Samhain 2001. Tá sé mar chuspóir ag an ngrúpa seo inchur a sholáthar d'fhoireann forbartha LFBE, atá ag scrúdú na riachtanas a bhainfeadh le Córas Bainistíochta Ábhar ar fud na seirbhíse poiblí, nuair a chuirtear san áireamh na córais r-sheirbhísí Comh-Aireachta agus Parlaiminte, agus ailtireacht Bróicéara na Seirbhíse Poiblí.

# Iarscríbhinní



# A Iarscríbhinn A
## Billí Poiblí a Foilsíodh i 2002

1 An Bille um Chosaint Shibhialta 2002

2 An Bille Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2002

3 An Bille um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2002 [Seanad]

4 An Bille Airgeadais 2002

5 An Bille Ombudsman do Leanaí 2002 [Seanad]

6 An Bille Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002

7 An Bille Inimirce 2002 [Seanad]

8 An Bille um Chosaint Sonraí (Leasú) 2002 [Seanad]

9 An Bille um Rialáil/Cumarsáide 2002 [Seanad]

10 An Bille um Sheirbhís Bhuiséadaithe agus Comhairle Airgid 2002

11 An Bille Toghcháin (Leasú) 2002

12 An Bille um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) (Leasú) 2002

13 Bille na Lia-Chleachtóirí (Leasú) 2002

14 An Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 2002 [Seanad]

15 An Bille um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2002

16 An Bille um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 2002

17 An Bille Ealaíon 2002

18 Bille an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2002

19 Bille na dTeangacha Oifigiúla 2002 athraithe ó Bille na dTeangacha Oifigiúla (Comhionannas) 2002 [Seanad]

20 An Bille um Binse Cúitimh i ndáil le Hepatíteas C (Leasú) 2002

21 An Bille um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Sóisialach 2002

22 An Bille Toghacháin (Leasú) (Uimh. 2) 2002

23 Bille an Aire Chomhshaoil agus Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Áirithe a Chomhlíonadh) 2002 [Seanad]

24 An Bille um an Séú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2002

A

# Iarscríbhinn A

## Billí Poiblí a Foilsíodh i 2002

**25** An Bille um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2002

**26** An Bille um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002

**27** An Bille Iascaigh (Leasú) 2002

**28** Bille na gComhphobal Eorpach (Leasú) 2002

**29** An Bille um Chomhaontú na Breataine – na hÉireann (Leasú) 2002

**30** An Bille Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2002

**31** Bille um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2002

**32** An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002 [Seanad]

**33** An Bille Leasa Shóisialaigh 2002

**34** An Bille Leithreasa 2002

**35** An Bille um an Dlí Coiriúil (Gaeltacht) 2002

**36** An Bille um Fhoiréigean Baile (Leasú) 2002 [Seanad]

**37** An Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2002

**38** An Bille um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2002 [Seanad]

**39** Bille na Radharcmheastóirí (Leasú) 2002

B

# Iarscríbhinn B
# Billí Poiblí a Achtaíodh i 2002

**An tAcht um an Séú Leasú is Fiche ar an mBunreacht, 2002**

1. An tAcht um Údaráis Stáit (Socruithe le haghaidh Comhphairtíochtaí Poiblí Príobháideacha), 2002
2. An tAcht um Fuinneamh Inmharthana 2002
3. An tAcht um Chosaint Raideolaíoch (Leasú) 2002
4. An tAcht Toghacháin (Leasú) 2002
5. An tAcht Airgeadais 2002
6. An tAcht Sláinte Poiblí (Tobac) 2002
7. Acht na mBinsí Fiosraithe (Fianaise) (Leasú) 2002
8. An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002
9. Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002
10. An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002
11. An tAcht um Arramara Teoranta (Scaireanna a Fháil) 2002
12. An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2002
13. An tAcht um Shásamh i leith Foras Cónaithe 2002
14. An tAcht Iomaíochta 2002
15. Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte 2002
16. An tAcht Cosanta Shibhialta 2002
17. Acht na Lia-Chleachtóirí (Leasú) 2002
18. Acht na bPinsean (Leasú) 2002
19. An tAcht Aturnaetha (Leasú) 2002
20. An tAcht um Rialáil Cumarsáide 2002
21. An tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Hepatíteas C (Leasú) 2002
22. An tAcht Ombudsman do Leanaí 2002
23. An tAcht Toghacháin (Leasú) (Uimh. 2) 2002
24. Acht an Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (Feidhmíocht Feidhmeanna Áirithe) 2002
25. Acht an Aontais Eorpaigh (Scrúdan) 2002
26. An tAcht um Chomhaontú na Breataine – na hÉireann (Leasú) 2002
27. Acht Chomhphobail na hEorpa (Leasú) 2002

B

# Iarscríbhinn B

## Billí Poiblí a Achtaíodh i 2002

**28.** An tAcht Leithreasaí 2002

**29.** Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Airgeadas Forbartha 2002

**30.** An tAcht um Fhoiréigean Baile 2002

**31.** An tAcht Leasa Shóisialaigh 2002

**32.** An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002

**33.** An tAcht um an Dlí Reachtúil (Athráiteas) 2002

C

# Iarscríbhinn C

## Soláthar Measta agus toradh an chaiteachais do 2002 Oifig an Ard-Aighne

| | 2001 Toradh | 2002 Meastachán | 2002 Toradh |
|---|---|---|---|
| **Riarachán** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A1 Tuarastail, Pá & Liúntais | 5,282 | 6,207 | 5,890 |
| A2 Taisteal & Cothabháil | 201 | 252 | 258 |
| A3 Fochostais | 698 | 873 | 583 |
| A4 Seirbhísí Poist & Teileacumarsáide | 107 | 136 | 139 |
| A5 Innealra Oifige & Soláthairtí Oifige | 442 | 1,338 | 853 |
| A6 Costais an Fhoirgnimh Oifige | 263 | 349 | 202 |
| A7 Comhairleoireacht | 414 | 1,237 | 683 |
| **Fo-Iomlán** | **7,407** | **10,392** | **8,608** |
| **Seirbhísí Eile** | | | |
| B Síntiúis d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta | 21 | 19 | 23 |
| C An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 1,279 | 1,348 | 1,348 |
| D Costais Ghinearálta Dlí | 91 | 156 | 38 |
| **Mór-Iomlán** | **8,798** | **11,915** | **10,017** |
| **Bain de** | | | |
| E Leithreasaí i gCabhair | 24 | 13 | 1 |
| **Glan-Iomlán** | **8,774** | **11,902** | **10,016** |

C

# Iarscríbhinn C

## Soláthar measta agus toradh an chaiteachais do 2002

## Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

| | | 2001 Toradh | 2002 Meastachán | 2002 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| **Riarachán** | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A1 | Tuarastail, Pá & Liúntais | 12,075 | 12,951 | 11,360 |
| A2 | Taisteal & Cothabháil | 142 | 207 | 152 |
| A3 | Fochostais | 769 | 910 | 794 |
| A4 | Seirbhísí Poist & Teileacumarsáide | 367 | 450 | 483 |
| A5 | Innealra Oifige & Soláthairtí Oifige | 467 | 2,014 | 985 |
| A6 | Costais an Fhoirgnimh Oifige | 102 | 307 | 162 |
| A7 | Comhairleoireacht | 145 | 295 | 157 |
| | **Fo-Iomlán** | **14,067** | **17,134** | **14,093** |
| **Seirbhísí Eile** | | | | |
| B | Táillí Abhcóide | 7,975 | 7,707 | 10,375 |
| C | Costais Ghinearálta Dlí | 3,077 | 4,506 | 4,776 |
| | **Mór-Iomlán** | **25,119** | **29,347** | **29,244** |
| **Bain de** | | | | |
| D | Leithreasaí i gCabhair | 236 | 189 | 480 |
| | **Glan-Iomlán** | **24,883** | **29,158** | **28,764** |

C

# Iarscríbhinn C

## Ráiteas Comhaill leis an Acht um Fhéichiúntacht Cuntas 1997 agus le Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Trádálacha) 2002

Déanann ár ngníomhaire íocaíochta, Brainse na gCuntas sa Roinn Airgeadais bunús na n-íocaíochtaí a dhéantar thar ceann na hOifige seo, i gcomhlíonadh téarmaí an Achta um Fhéichiúntacht Cuntas 1997, agus Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Is cóir a thabhairt faoi deara nach mbaineann an tAcht le híocaíochtaí i leith táillí dlí.

In Eanáir, 1998, scaipeadh ar an bhfoireann uile na treoirlínte a bhí i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht; agus cuireadh Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, in iúl don fhoireann freisin, nuair a tháinig siad i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa, 2002. Tá sé mar aidhm ag na treoirlínte seo go n-éascófar glanadh pras na sonrasc agus go gcuirfear cosc le cibé píonóis úis a d'éireodh. Thairis sin, déantar monatóireacht rialta ar na gnáthaimh airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig agus leasaíodh níos luaithe i mbliana iad, ina measc na gnáthaimh a chinntíonn go gcomhlíontar an tAcht.

Is iad seo a leanas na príomhghnáthaimh atá i bhfeidhm:-

- Seachas má aontaítear a mhalairt le conradh scríofa, baineann an sprioc-am féichiúntachta de 30 lá le gach íocaíocht.
- Stampáiltear an dáta ar gach sonrasc nuair a fhaightear é. Is ón dáta seo a ríomhtar an tréimhse íocaíochta atá leagtha síos.
- Iarrtar ar bhall foirne a chinntiú go dtugtar ainm agus seoladh duine ar leith ar na sonraisc nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á n-ordú, chun go mbeidh teacht gan mhoill ar an té a chuir an t-ordú, d'fhonn é a dheimhniú.
- Tá treoir tugtha don fhoireann gur chóir gach sonrasc a dheimhniú le haghaidh íocaíochta agus é a sheoladh chuig an Aonad Airgeadais a luaithe a fhaightear é. Is cóir socruithe a dhéanamh lena chinntiú nach gcuirtear moill ar shonraisc de bharr baill foirne a bheith ar saoire, etc.
- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá aighneas faoi, leantar na gnáthaimh a luaitear san Acht. Cuireann an tAonad Airgeadais na gnáthaimh seo i bhfeidhm agus glactar taifead de na gnáthaimh a feidhmíodh.

C

# Iarscríbhinn C

- Déanann foireann an Aonaid Airgeadais monatóireacht ar an dáta íocaíochta atá dlite agus déanann sí iarracht a chinntiú go ndéanann ár ngníomhaire íocaíochta, An Roinn Airgeadais, Brainse na gCuntas, é a íoc laistigh den tréimhse atá leagtha síos. Má íoctar é taobh amuigh den tréimhse atá leagtha síos déanann Brainse na gCuntas an t-ús a ríomh de réir an Achta agus a Rialachán.
- Cuireann ár bpacáiste cuntais an dáta íocaíochta dlite in iúl don fhoireann san Aonad Airgeadais agus ba chóir go bhfaighfí dáta na híocaíochta ar ais ónár ngníomhaire íocaíochta, An Roinn Airgeadais, Brainse na gCuntas.

Tá Tuarascáil Bhliantúil na hOifige i leith Cleachtas Íocaíochta do 2002 ceangailte leis seo.

**Oifig an Ard-Aighne**

27 Lúnasa, 2003

C

# Iarscríbhinn C

## Tuairisc ar chleacht asi íocaichta do 2002
## Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean

### Ginearalta

1. Déanann ár ngníomhaire íocaíochta, Brainse na gCuntas sa Roinn Airgeadais bunús na n-íocaíochtaí a dhéantar thar ceann na hOifige seo, i gcomhlíonadh téarmaí an Achta um Fhéichiúntacht Cuntas 1997 agus Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Is cóir a thabhairt faoi deara nach mbaineann an tAcht le híocaíochtaí i leith táillí dlí.

### Íocaíochtaí Déanacha

2. Rinneadh íocaíochta iomlán de €3.98 milliún i 2002 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith le híocaíochtaí lena mbaineann an tAcht. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí déanacha i 2002.

### Raiteas Comhaill leis an acht u, Fhéichiúntacht Cuntas 1997 agus le Rialacháin Chomhphobail Na H-Eorpa (Íochaíocht Dhéanach in Idirbhearta Trádalacha) 2002

In Eanáir, 1998, scaipeadh ar an bhfoireann uile na treoirlínte a bhí i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht; agus cuireadh Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, in iúl don fhoireann freisin, nuair a tháinig siad i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa, 2002. Tá sé mar aidhm ag na treoirlínte seo go n-éascófar glanadh pras na sonrasc agus go gcuirfear cosc le cibé píonóis úis a d'éireodh. Thairis sin, déantar monatóireacht rialta ar na gnáthaimh airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig agus leasaíodh níos luaithe i mbliana iad, ina measc na gnáthaimh a chinntíonn go gcomhlíontar an tAcht.

C

# Iarscríbhinn C

## Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

### An tAcht um Fhéichiúntacht Cuntas 1997 agus I.S. 388 de 2002 – Cleachtais agus Staitisticí Íocaíochta

Tá córais ríomhaireachta i bhfeidhm ag OPAS atá ceaptha le monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí an Achta.

De ghnáth, bíonn na híocaíochtaí le déanamh ag deireadh an 30 lá reachtúil (sa tréimhse roimh 7 Lúnasa 2002, bhí tréimhse reachtúil de 45 lá i gceist). Má shonraítear tréimhse níos lú ar shonraisc, glactar leis an éileamh seo. Sa líon beag cásanna nuair nach ndéantar íocaíochtaí laistigh den tréimhse reachtúil, íoctar an t-ús cuí orthu.

Tá dhá chatagóir de sholáthróirí seirbhíse ag an OPAS nach dtagann faoi réim an Achta:

- Fágtar táillí Abhcóidí as an áireamh ar bhonn comhairle dlí.
- Nuair a dhámhtar na costais ar an ngearánaí, clúdaítear na híocaíochtaí d'aturnaetha a fhostaíonn daoine i mbun dlíthíochta in aghaidh an Stáit ag Acht na gCúirteanna, 1981, a bhfuil forálacha maidir le híoc úis aige.



| Staitisticí – An Tréimhse ó Eanáir go Nollaig 2002 | |
|---|---|
| Luach iomlán na n-íocaíochtaí uile | €5,215,944 |
| Luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha(Faoi €320 san áireamh) | €1,025,023 |
| Luach na n-íocaíochtaí déanacha thar €320 | €806,344 |
| Luach na n-íocaíochtaí déanacha mar % de na híocaíochtaí uile | 19.65% |
| Líon na n-íocaíochtaí déanacha thar €320 | 436 |
| An méid úis a íocadh | €9,006 |
| Méid an úis mar % de na híocaíochtaí uile | 0.173 % |
| Táscairí Garbh ar fhad na moilleanna 36 lá (Sonraisc thar €320 | 36 lá |

C

# Iarscríbhinn C

## Airgeadas agus Cuntais

### Caiteachas

Tá an caiteachas don bhliain leagtha amach sa tábla thuas. Gné ar leith is ea go raibh toradh níos lú ar an bpárolla ná a raibh súil leis, rud a d'éirigh as roinnt folúntas foirne a bheith ann i rith na bliana. Bhí an caiteachas ar innealra agus ar sholáthairtí oifig, fomhír a fholaíonn an caiteachas ar TF, níos mó ná €1m. faoi bhuiséad toisc go raibh an dul chun cinn ar roinnt tionscadal mór níos moille ná a raibh súil leis. Tharla róchaiteachas substaintiúil i bhfo-mhír Tháillí na nAbhcóidí, le caiteachas de €10.4m agus soláthar measta de €7.7m. Cúis amháin leis an róchaiteachas ab ea an córas nua íocaíochta d'Abhcóidí a tugadh isteach ag deireadh 2001. Bhí sé ceaptha go gcuirfeadh an córas deireadh le próiseas íocaíochta a d'fhág mórán táillí gan íoc ar feadh na mblianta, agus go gcuirfí córas ina áit faoina íocfaí Abhcóidí gach ráithe ar shonraisc a bhí curtha isteach sa bhliain roimhe. Íocadh iomlán na gcostas dlite, mar chuid den athrú. Chuir an mhír dheiridh seo leis an leibhéal caiteachais don bhliain.

### Cuntais

Forbairt shuntasach ab ea tionscnamh an chórais iomlán nua chun táillí a íoc le hAbhcóidí. Bhí athrú i gceist ó chóras faoina ndéantaí an íocaíocht ag deireadh cáis, rud a chiallaigh go minic go raibh an obair críochnaithe achar measartha fada sula ndearnadh an íocaíocht féin. Tá cur chuige sonrasc-bhunaithe ag gabháil leis an gcóras nua, faoina ndéantar íocaíocht amháin le Abhcóidí gach ráithe i leith na sonrasc uile a cuireadh isteach sa ráithe roimhe sin. Chuathas i gcomhairle le hAbhcóide an Bharra le linn chéim pleanála an athraithe seo.

C

# Iarscríbhinn C

## Airgeadas agus Cuntais

Luaitear roinnt staitisticí agus leibhéal gníomhaíochta san tábla seo a leanas:

| Cuntais Iníoctha | |
|---|---|
| Orduithe Iníoctha a eisíodh | 8,215 |
| Líon na n-íocaithe | 1,509 |
| Líon na sonrasc (a fholaíonn Táillí d'Abhcóidí agus Costais Ghinearálta Dlí) | 18,899 |
| Líon na gcásanna ina ndearnadh íocaíocht (Táillí d'Abhcóidí agus Costais Ghinearálta Dlí) | 6,683 |
| Líon na gcásanna ina ndearnadh íocaíocht (Abhcóidí) | 3,819 |
| Líon na gcásanna ina ndearnadh íocaíocht (Costais Ghinearálta Dlí) | 4,375 |
| An líon íocaithe a fuair Costais Ghinearálta Dlí | 469 |
| An líon sonrasc le haghaidh na gCostas Ginearálta Dlí | 11,092 |
| An líon íocaithe a fuair táillí Abhcóide | 447 |
| An líon sonrasc le haghaidh táillí Abhcóide | 5,276 |

D

# Iarscríbhinn D

## Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean
## Staitisticí um SF – Iarrataí faighte 1998 – 2002

| Oifig an Ard-Aighne | Iarratais Faighte | Pearsanta | Neamh-Phearsanta | Measctha | Iarrataí Deonaithe | Iarrataí Páirt-t Deonaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1998 | 22 | 6 | 16 | 0 | 4 | 1 |
| 1999 | 27 | 7 | 20 | 0 | 2 | 4 |
| 2000 | 25 | 3 | 22 | 0 | 4 | 3 |
| 2001 | 23 | 4 | 19 | 0 | 3 | 2 |
| 2002 | 22 | 4 | 18 | 0 | 3 | 2 |
| **Iomlán** | **119** | **24** | **95** | **0** | **16** | **12** |

| Oifig an Ard-Aighne | Iarrataí Diúltai -the | Iarrataí diúltaithe faoi mhír 46 (1) (b) an líon áirithe i measc iomlán na-n-iarrataí diúltaithe | Iarrataí Aistrithe | Iarrataí aistarraingthe nó pléite lasmuigh de SF | Cásanna Beo | Athbhreith Inmheánach Faighte | Acomhairc chuig an gCoim. Faisnéise. | Táillí Uimh. | Méid Gearrtha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1998 | 16 | 9 | 1 | 0 | 0 | 6 | 2 | 0 | Neamhní |
| 1999 | 20 | 17 | 0 | 1 | 0 | 6 | 0 | 0 | Neamhní |
| 2000 | 17 | 14 | 0 | 1 | 0 | 4 | 0 | 0 | Neamhní |
| 2001 | 15 | 12 | 0 | 0 | 3 | 2 | 2 | 0 | Neamhní |
| 2002 | 20 | 20 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | Neamhní |
| **Iomlán** | **88** | **72** | **1** | **2** | **0** | **18** | **4** | **0** | Neamhní |

D

# Iarscríbhinn D

## Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean

| Oifig an Ard-Aighne | Iarratais Faighte | Ireiseoirí | Gnó | Oireachtas | Foireann | Daoine Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01/01/02 go 31/12/02 | 22 | 6 | 2 | 0 | 0 | 14 |
| **Iomlán** | **22** | **6** | **2** | **0** | **0** | **14** |

| Oifig an Ard-Aighne | Iarratais Faighte | Ireiseoirí | Gnó | Oireachtas | Foireann | Daoine Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 21/04/98 go 31/12/02 | 119 | 31 | 28 | 2 | 2 | 56 |
| **Iomlán** | **119** | **31** | **28** | **2** | **2** | **56** |

D

# Iarscríbhinn D

## Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

## Staitisticí um SF – Iarrataí faighte 1998 – 2002

| OPAS | Iarratais Faighte | Pearsanta | Neamh-Phearsanta | Measctha | Iarrataí Deonaithe | Iarrataí Páirtdeonaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1998 | 17 | 14 | 3 | 0 | 11 | 0 |
| 1999 | 9 | 3 | 6 | 0 | 4 | 0 |
| 2000 | 23 | 11 | 12 | 0 | 14 | 4 |
| 2001 | 9 | 6 | 3 | 0 | 5 | 0 |
| 2002 | 6 | 2 | 4 | 0 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **64** | **36** | **28** | **0** | **35** | **4** |

| OPAS | Iarrataí Diúltaithe | Iarrataí diúltaithe faoi mhír 46 (1) (b) an líon áirithe i measc iomlán na-n-iarrataí diúltaithe | Iarrataí Aistrithe | Iarrataí aistarraingthe nó pléite lasmuigh de SF | Cásanna Beo | Athbhreith Inmheánach Faighte | Acomhairc chuig an gCoim. Faisnéise. | Táillí Uimh. | Méid Gearratha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1998 | 4 | 4 | 2 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | Neamhní |
| 1999 | 4 | 4 | 1 | 0 | 1 | 3 | 1 | 0 | Neamhní |
| 2000 | 5 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | Neamhní |
| 2001 | 4 | 3 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | Neamhní |
| 2002 | 4 | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | Neamhní |
| **Iomlán** | **21** | **16** | **3** | **0** | **3** | **6** | **3** | **0** | **Neamhní** |



| OPAS | Iarratais Faighte | Iriseoirí | Gnó | Oireachtas | Foireann | Daoine Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 21/04/98 go 31/12/02 | 109 | 28 | 28 | 2 | 2 | 49 |
| **Iomlán** | **109** | **28** | **28** | **2** | **2** | **49** |

E

# Iarscríbhinn E

## Coistí agus Coimisiúin

Bord Comhairleach Oifig Náisiúnta na bPáistí

Gréasán na Rúnaithe Cúnta

Cumann Leabharlannaithe Dlí na Breataine agus na hÉireann

Gréasán Bainistíochta an Athraithe

Fóram Bainisteoirí Faisnéise agus Teicneolaíochta Cumarsáide na Státseirbhíse

Grúpa Meiteashonraí na Státseirbhíse

Coiste Comhairleach na Státseirbhíse um Sheirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir

Gréasán Oifigeach na Státseirbhíse um Sheirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir

Gréasán Oifigeach Traenála na Státseirbhíse

Fóram Máistrí Gréasáin na Státseirbhíse

Grúpa Páirtithe Leasmhara na mBainisteoirí Ábhair LFBE

An Coimisiún um Atáirgeadh Daonna Cuidithe

An Coimisiún um Earnáil Phríobháideach na gCónaitheoirí ar Cíos

An Grúpa um Athbhreithniú Dhlí na gCuideachtaí

An Coiste Comhairleach um Athchóiriú an Dlí

Comhairle Comhairleach na gCustaiméirí

Grúpa Forbhreithnithe an Choinbhinsiúin (um Thodhchaí na hEorpa)

Coiste Chomhairle na hEorpa um an Dlí Riaracháin

Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa ar Dhlí an Teaghlaigh

Coiste na Rialacha Cúirte

Foireann Tras-Rannach an Bhonneagair

Grúpa Oibre an AE um Phróiseáil Sonraí Dlíthiúla

Grúpa Saineolaithe ar Mholtaí a éiríonn as Tuairisc T.B.S. An Gharda

Gréasán na nAthbhreithneoirí Caiteachais

An Grúpa Oibre Idir-rannach um Shaoráil Faisnéise

Gréasán na nOifigeach Tadhaill um SF

Grúpa Ghréasán Úsáideoirí na SF

Coiste Reachtaíocht an Rialtais

Gréasán Bainisteoirí Leabharlainne an Rialtais

Rannóg Leabharlanna an Rialtais, Cumann Leabharlainne na hÉireann

E

# Iarscríbhinn E

## Coistí agus Coimisiúin

Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta

An Grúpa Forfheidhmíochta um Shaincheisteanna Cúitimh

An Coiste Idir-rannach um Dhlíthíocht faoi Chailliúint Éisteachta

An Grúpa Idir-rannach um Cheartas agus Ghnóthaí Baile an AE

An Grúpa Idir-rannach ar Choinbhinsiún an AE

An Grúpa Idir-rannach um Shaincheisteanna Reachtacha na Sochaí Faisnéise

An Grúpa Idir-rannach um Ghrinnscrúdú Oireachtais ar Reachtaíocht an AE

An Grúpa Idir-rannach ar Uachtarántacht an AE 2004

An Tascfhórsa Idir-rannach ar Thuarascáil an Choimisiúin um Stádas Daoine Faoi Mhíchumas

Grúpa Idir-rannach na Náisiún Aontaithe

An Grúpa Oibre Idir-rannach ar Shaincheisteanna Cúitimh

An Gréasán Inniúchóireachta Inmheánaigh

Coiste Dlí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Muirí

Grúpa Úsáideoirí Unicorn na hÉireann

Coiste Ceartais na hInstitiúide um Ghnóthaí na hEorpa

An Grúpa Bainistíochta um Athbhreithnithe Breithiúnacha i gCásanna Tearmainn

Coiste Comhairleach CBF

Fo-ghrúpa Bainistíochta Thionscadal an CBF

Coiste na nAirí um Shábháilteacht Núicléach

An Grúpa Airí agus Rúnaithe um Chúrsaí na hEorpa

An Grúpa Náisiúnta um Athbhreithniú Straitéiseach ar an gComhpholasaí Iascaigh

An Grúpa Comhairleach “Gan Locht” (grúpa oibre a bunaíodh chun scéim cúitimh “gan locht” a mholadh le haghaidh leanaí le máchail inchinne atá breith-bhainteach)

Meitheal Oibre an OECD um bainistíocht Rialúcháin

Grúpa Forfheidhmithe an Bhoird um Mheasúnú Gortuithe Pearsanta

Gréasán na nOifigeach Pearsanra

Gréasán CBFF

E

# Iarscríbhinn E

## Coistí agus Coimisiúin

An Coiste iar-Nally um Shaincheisteanna a Bhaineann le SIP

An Grúpa Athbhreithnithe um Cheadúnú Iascaigh Mhara

Grúpa na Rúnaithe Ginearálta agus na gCeann Oifige

Grúpa na nOifigeach Sinsearach ar Ghnóthaí an AE

An Grúpa Comhairleach Forfheidhmithe um Údarás Rialaitheach Aonair

An Coiste Tadhaill um Ghníomhaireacht Éilimh an Stáit

Coiste Stiúrtha an Tionscadail Phíolótaigh chun nós imeacht mionéileamh ar líne a bhunú

Grúpa Stiúrtha um Athbhreithniú na gCóras sa Roinn Talmhaíochta agus Bia

Fo-ghrúpa Cumarsáide an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

Grúpaí Forfheidhmithe an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

An Grúpa um Straitéis Cánach

Grúpa Stiúrtha an Tríú Cholúin

Binsí agus Fiosrúcháin

UNCITRAL (Coimisiún na Náisiún Aontaithe ar an Dlí Idirnáisiúnta Trádála)

Grúpa Oibre UNCITRAL um Eadrán

Grúpa Oibre UNICITRAL um Thráchtáil Ríomhchuidithe

Grúpa Oibre UNICITRAL um Dhochmhainneacht

An Grúpa Oibre um Chuntasacht Rúnaithe Ginearálta agus Oifigeach Cuntasaíochta

An Grúpa Oibre um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Dhlí na gCuideachtaí

An Grúpa Oibre ar Dhlínse na gCúirteanna

Grúpa Oibre chun na himpleachtaí a phlé maidir le Coimisiúin Reifrinn le feidhmeanna teoranta a bhunú

An Grúpa Oibre chun Seirbhísí Cróinéara a Athbhreithniú

F

# Iarscríbhinn F Cairt Eagraíochta

